



An Bhruiséal, 27.4.2022
COM(2022) 658 final

2022/0132 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95, (CE) Uimh. 333/2002 (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitíú an nós imeachta víosa

{SEC(2022) 202 final} - {SWD(2022) 658 final} - {SWD(2022) 659 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is gné ríthábhachtach é combhheartas víosaí an Aontais chun slándáil agus dea-fheidhmiú theorainneacha seachtracha limistéar Schengen a áirithiú. Éascaíonn sé fanacht dlisteanach i dtíortha Schengen nó idirthuras tríothu agus chuidigh sé le cleachtais eisiúna víosaí na mBallstát a chomhchuihiú. Chun ardleibhéal slándála inmheánaí a chothabháil, saorghluaiseacht daoine i Limistéar Schengen a chosaint, agus taisteal dlisteanach chuig an Aontas ag náisiúnaigh tríú tír a éascú agus imirce neamhrialta a laghdú ag an am céanna, tá na Ballstáit ag obair faoi láthair ar bhainistiú a gcomhthearainneacha seachtracha a fheabhsú.

Ó tháinig an Cód Víosaí i bhfeidhm in 2010¹ agus ó cuireadh tús le hoibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) in 2011², tá athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht ina n-oibríonn an beartas víosaí. Ar thaobh amháin, tá méadú tagtha ar an imirce agus ar na dúshláin slándála le blianta beaga anuas; maidir leis na forbairtí teicneolaíocha suntasacha eile, beidh deiseanna nua ann chun próiseas iarratais ar víosaí Schengen a dhéanamh níos rianúla do thaistealaithe agus do chonsalachtaí araon.

Cé go bhfuil próiseáil víosaí digitithe go páirteach cheana féin, agus iarratais agus cinntí taifeadta sa VIS, tá dhá chéim thábhachtacha fós bunaithe ar pháipéar: an próiseas iarratais ar víosa agus an greamán víosa. Cruthaíonn an dá chéim sin ualach do na geallsealbhóirí uile, idir údarais phoiblí náisiúnta lárnacha, i.e. aireachtaí gnóthaí baile agus gnóthaí eachtracha, consalachtaí agus iarratasóirí. Tá na Ballstáit ar an eolas faoin méid sin agus tá líon áirithe acu tar éis a bpróiseas iarratais a dhigitiú i bpáirt chun é a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos soláimhsithe.

Ar leibhéal an Aontais, in 2017, chuir Uachtaránacht na hEadóine ar an gComhairle tús leis an bplé i Meitheal na Comhairle um Víosaí³ maidir leis na roghanna chun feabhas a chur ar an bpróiseas reatha víosaí trí iarratas ar víosa ar líne⁴ agus víosa dhigiteach a úsáid⁵. Mar thoradh ar an spreagadh polaitiúil sin, mar aon le hathruithe reachtacha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, i.e. an Cód Víosaí athbhreithnithe⁶, athbhreithniú VIS⁷, an Córas

¹ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

³ <https://www.consilium.europa.eu/ga/council-eu/preparatory-bodies/visa-working-party/>

⁴ Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, r-Víosa: Feabhas a chur ar an bpróiseas reatha víosaí agus iarratais ar víosaí ar líne, 12546/17, Deireadh Fómhair 2017

⁵ Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, r-Víosa: Feabhas a chur ar an bpróiseas reatha víosaí le víosaí digiteacha, 11816/17; Meán Fómhair 2017

⁶ Rialachán (AE) 2019/1155 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 188, 12.7.2019, lch. 25).

⁷ Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CE ón gComhairle, chun críche an Córais Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

Dul Isteach/Imeachta (EES)⁸, agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)⁹, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht an 14 Márta 2018¹⁰ maidir leis an gcomhbheartas víosaí a oiriúnú do dhúshláin nua agus chun machnamh a dhéanamh faoin aistriú i dtreo víosaí digiteacha.

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2018 maidir le beartas víosaí, cuireadh san áireamh an smaoineamh “r-víosaí”. Mar a fógraíodh sa teachtaireacht seo ón gCoimisiún, rinneadh staidéar féidearthachta in 2019 ar dhigitiú na nósanna imeachta víosaí agus úsáideadh torthaí an staidéir sin i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair a ghabhann leis an togra seo. Ina theannta sin, chuir Gníomhaireacht an Aontais um Bainistiú Oibríochtuil ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) tionscadal i gcrích in 2020-2021 chun fréamhshamhail d’ardán de chuid an Aontais a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit. Úsáidfear na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhfréamhshamhail seo chun ardán iarratais an Aontais amach anseo a fhorbairt.

Agus Cód Víosaí an Aontais á athbhreithniú acu in 2019, luaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go sainráite an aidhm atá le réiteach comhchoiteann a fhorbairt chun go bhféadfar iarratais ar víosaí Schengen a chur isteach ar líne amach anseo, agus, ar an gcaoi sin, leas iomlán a bhaint as na forbairtí dlíthiúla agus teicneolaíocha a rinneadh le déanaí¹¹. Spreag paindéim COVID-19, as ar lean moilliú ar oibríochtaí víosaí Schengen ar fud an domhain, i bpáirt mar gheall ar an deacracht a bhaineann le hiarratasóirí ar víosaí a fháil i gconsalachtaí agus i lárionaid um iarratais ar víosaí, na Ballstáit chun iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur le digitiú na nósanna imeachta maidir le víosaí. Sa Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann¹² a mhol an Coimisiún an 23 Meán Fómhair 2020, leagadh síos mar chuspóir an nós imeachta maidir le víosaí a dhigitiú go hiomlán faoi 2025, agus víosa dhigiteach a thabhairt isteach agus an cumas iarratais ar víosaí a thfolacadh ar líne.

Faoi láthair ceanglaítear ar náisiúnaigh ó 102 tríú tír víosa bailí a bheith ina seilbh acu chun teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú¹³. Eisíonn na Ballstáit víosaí trí líonra

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch 20) (dá ngairtear córas dul isteach/imeachta/EES anseo feasta).

⁹ Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1) (dá ngairtear Rialachán ETIAS anseo feasta).

¹⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, An comhbheartas víosaí a ghlacadh do dhúshláin nua, COM(2018) 251 final, https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/default/files/what-we-do/policies/european-agenda-migration/20180314_communication-commission-parliament-council-adapting-common-visa-policy-new-challenges_ga.pdf.

¹¹ Aithris 20 i Rialachán (AE) 2019/1155.

¹² Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann, COM(2020) 609 final, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0609>.

¹³ Iarscríbhinn I le Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar

consalachtaí i dtríú tíortha¹⁴. Sna réamh-mheastacháin a úsáidtear sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo¹⁵, meastar go dtiocfaidh méadú beag ar líon na víosaí gearrfhanachta go dtí 2025 agus go gcobhsóidh sé ansin é.

Tríd an deis a thabhairt isteach d'iarratasóirí foirmeacha iarratais a shíniú go leictreonach, tá an deis ann, de bharr an Chóid Víosa leasaithe¹⁶, iarratais ar víosaí a thíolacadh agus a phróiseáil go digiteach; mar sin féin, ní dhéantar digitiú ar fhormhór na mBallstát ach ar chodanna den phróiseas maidir le víosaí gearrfhanachta agus bíonn siad fós ag brath go mór ar nósanna imeachta páipéarbhunaithe. Mar thoradh air sin, tá leibhéal an digitithe agus an próiseas iarratais ar víosaí éagsúil ó Bhallstát go chéile.

Déanann an ilroinnt atá ann faoi láthair ó thaobh na gcleachtas náisiúnta chun an próiseas iarratais a bhainistiú difear diúltach d'fheidhmiú bheartas víosaí an Aontais a chuirtear i bhfeidhm agus don bhraistint atá ag an Aontas Eorpach mar eintiteas geografach amháin agus fágann sin go gcuireann an próiseas iarratais ar víosaí ualach ar iarratasóirí ar víosaí

Chomh maith leis sin, ós rud é nach leagtar síos aon oibleagáid maidir le digitiú do na Ballstáit leis na rialacha atá ann faoi láthair maidir le víosaí gearrfhanachta ar leibhéal an Aontais, cruthaítear costais arda bainistíochta do na Ballstáit a bhaineann le hiarratais pháipéir a láimhseáil leis na nósanna imeachta atá ann faoi láthair.

Ina theannta sin, is féidir an greamán víosa fisiciúil a fhalsú agus a chalaouis (e.g. brionnú agus góchumadh) agus is féidir é a ghoid, rud atá ina bhaol slándála. Tugadh an greamán víosa isteach in 1995, agus nuashonraíodh é go rialta chun a ghnéithe slándála a fheabhsú ó shin. Is é an nuálaíocht is déanaí ná barrachód 2D sínithe a thabhairt isteach ar an ngreamán víosa¹⁷ a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2022¹⁸. Mar sin féin, is dócha go mbeidh an greamán víosa fós leochaileach do ghóchumadh nó d'fhalsú.

Riosca eile a aithníodh maidir leis an staid mar atá faoi láthair is ea an baol go ndéanfadh iarratasóirí siopadóireacht víosaí. D'fhéadfadh ilchineálacht maidir leis an gcaoi ar féidir iarratas a chur isteach dreasacht a chruthú d'iarratasóirí ar víosaí rogha a dhéanamh iarratas a

thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39).

¹⁴ Is féidir le Ballstáit aontú go déthaobhach go ndéanfaidh Ballstát eile ionadaíocht thar a gceann i dtríú tír trí chomhaontuithe ionadaíochta. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil consalachtaí ag gach Ballstát i ngach tríú tír a bhfuil ceanglas víosa orthu.

¹⁵ Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla a bhaineann le digitiú an phróisis víosaí agus chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú – tá an Tuarascáil Deiridh ar fáil: https://ec.europa.eu/home-affairs/study-assess-various-options-related-visa-process-digitalisation-and-support-preparation-impact_ga.

¹⁶ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1) agus Rialachán (AE) 2019/1155 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 188, 12.7.2019, lch. 25).

¹⁷ Rialachán (AE) 2017/1370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 198, 28.7.2017, lch. 24).

¹⁸ Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 2672 ón gCoimisiún an 30.4.2020 lena dtugtar isteach séala digiteach maidir leis an bhformáid aonfhoirmeach do víosaí, tugtar bonn cirt le so-ghabhálacht na calaoise ar an ngreamán víosa. Glacadh an cinneadh cur chun feidhme sin tar éis go leor brionnú den ghreamán víosa nua a aimsiú sna Ballstáit go gairid tar éis a thabhairt isteach (Nollaig 2019).

chur isteach i mBallstát ina bhfuil nós imeachta iarratais atá níos digitithe, a bheadh difriúil ón mBallstát a bheadh inniúil chun an t-iarratas ar víosa a scrúdú murach sin.

Ina theannta sin, tá próisis lán-digitithe i bhfeidhm cheana féin ag tríú tíortha a théann in iomaíocht go díreach leis an Aontas chun cuairteoirí tríú tír a mhealladh, amhail an Astráil agus an Nua-Shéalainn, do gach náisiúnach eachtrach atá faoi réir ceanglas víosa. Rinne tíortha eile (e.g. an Ríocht Aontaithe, SAM, Ceanada, [an Rúis,] An India) digitiú ar an bpróiseas chun éascú a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceanglas víosa orthu ó phríomhthíortha áirithe údarú taistil leictreonach a fháil go tapa agus go héasca in ionad víosa chun críocha áirithe taistil. Tá na nósanna imeachta sin inchomparáide den chuid is mó le Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS). I gcomparáid leis sin, tá an nós imeachta chun víosaí a iarraidh chun cuairt a thabhairt ar an Aontas an-chasta agus anásta¹⁹. D'fhéadfadh treocht dhomhanda an digitithe, mar aon leis an méid a bhfuil taistealaithe ag súil leis go mbeidh nósanna imeachta níos gasta, níos nua-aimseartha agus níos simplí, an tAontas a fhágáil ar gcúl agus míbhuntáistí eacnamaíocha a spreagadh don Aontas, go háirithe do thionscal an Aontais toisc go gcuireann taisteal idirnáisiúnta go dearfach le OTI an Aontais, go háirithe le tionscal na turasóireachta.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar na costais a bhaineann le neamhghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais le himeacht ama. Gan digitiú, bheadh ualach mór riaracháin fós ar na Ballstáit próisis víosaí a bhainistiú, bheadh nósanna imeachta costasacha fadálacha i bhfeidhm ar iarratasóirí ar víosaí agus bheadh na rioscaí a bhaineann le slándáil an ghreamáin víosa fós ann.

Is iad seo a leanas na príomhfhadhbanna a sainaitníodh maidir le húdaráis na mBallstát a bhíonn ag plé le hiarratas ar víosaí agus eisiúint víosaí:

- An próiseas fada agus costais a charnadh do chonsalachtaí doiciméid pháipéir a bhainistiú, a phróiseáil agus a chartlannú (agus sa deireadh) doiciméid pháipéir a scríosadh. Spleáchas na mBallstát ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha a n-oibleagáidí maidir le bainistiú víosaí a chomhlíonadh i gcomhthéacs iarratais ar víosaí a mhéadú agus an oibleagáid atá ar náisiúnaigh tríú tír cuairt a thabhairt ar an gconsalacht nó ar lárionad um iarratais ar víosaí gach uair a bheidh orthu iarratas a dhéanamh. Ar an meán, is trí sholáthraithe seirbhíse seachtracha a chuirtear 90 % d'iarratais ar víosaí gearrfhanachta isteach. Baineann sé sin freisin le conarthaí ar mhórsála agus costais faireacháin agus costais bhreise d'iarratasóirí ar víosaí.
- Níl an próiseas páipéarbhunaithe i mbaol ná ó thaobh riosca-dhíonach. Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar an nós imeachta maidir le víosaí toisc go n-éilíonn sé go córasach go mbeidh an t-iarratasóir i láthair go fisiciúil ag consalacht nó ag soláthraí seirbhíse seachtrach ag céimeanna tábhachtacha de nós imeachta iarratais ar víosa Schengen.

¹⁹ Mar shampla, i suirbhé a rinne Cumann Turasóireachta na hEorpa in 2018, measadh go bhfuil 25 % de thaistealaithe Indiacha ag cur 25 % de thaistealaithe Schengen san áireamh mar cheann scríbe taistil leis an bpróiseas víosa atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, dheimhneofaí leis sin go bhféadfadh sé go gcuirfí cosc ar roinnt taistealaithe a bhfuil víosaí de dhíth orthu taisteal chuig an Aontas mar gheall ar cheanglais víosa <https://www.etoa.org/eu-schengen-visa-long-haul-markets/>

- Tá seans ann go bhfalsófar agus go ndéanfar calaois ar an ngreamán víosa fisiciúil (e.g. brionnú agus góchumadh), agus is gá é a iompar agus a stóráil go sábháilte²⁰.
- Méadú ar an mbaol go ndéanfaidh iarratasóirí siopadóireacht víosa. D'fhéadfadh sé go gcuirfí cathú ar iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar víosa chuig Ballstát a thairgeann próiseas iarratais ar víosa gasta seachas an Ballstát ar mian leo cuairt a thabhairt orthu.

Tá an nós imeachta atá ann faoi láthair casta agus trom d'iarratasóirí ar víosaí freisin.

- Ní mór d'iarratasóirí ar víosa taisteal chuig an gconsalacht nó chuig an lárionad um iarratais ar víosaí is gaire dóibh do gach iarratas agus an doiciméad taistil a fhágáil ina dhiaidh, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra duine a shainaitheint agus taisteal thar lear le linn an phróisis iarratais.
- Ní mór do thaistealaithe minice an nós imeachta fadálach céanna a lua arís i gcás gach iarratais, rud a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar an mBallstát cinn scríbe.
- Íocann iarratasóirí táillí breise freisin nuair a dhéanann siad iarratas trí sholáthraí seirbhíse seachtrach.

Is iad na bunchúiseanna atá leis na fadhbanna sin na ceanglais dhlíthiúla atá ar na Ballstáit greamán víosa páipéir a eisiúint, spleáchas na mBallstát ar chleachtais atá bunaithe ar dhaoine agus ar pháipéar, agus leibhéal ilchineálach an digitithe agus na nósanna imeachta maidir le víosaí ilroinnte ar fud na mBallstát.

Dá bhrí sin, trí na nósanna imeachta maidir le víosaí a dhigitiú, tugtar deis feabhas a chur ar an bpróiseas iarratais ar víosaí, rud a laghdóidh na costais agus an t-ualach atá ar na geallsealbhóirí, agus ag an am céanna slándáil limistéar Schengen a fheabhsú. Ina theannta sin, tá digitiú an phróisis víosaí i gcomhréir leis na forbairtí reachtacha a rinneadh le déanaí²¹ maidir leis an mór-réimse TF do bhainistiú teorainneacha, rud a chuireann le slándáil níos fearr i Limistéar Schengen.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá digitiú an nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh ar víosaí agus cur chun feidhme víosa digití comhsheasmhach le roinnt forbairtí móra i réimse an bheartais víosaí agus teorann:

- An t-athbhreithniú ar an gCód Víosaí in 2020, rud a d'fhág gurbh fhusa do thaistealaithe rialta iarratas a dhéanamh ar víosaí a raibh bailíocht níos faide acu agus lenar ceadaíodh iarratais leictreonacha ar víosaí (a d'úsáid roinnt Ballstát) agus síniú leictreonach (ní raibh na Ballstáit in úsáid go dtí seo).

²⁰ Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 2672 ón gCoimisiún an 30.4.2020 lena dtugtar isteach séala digiteach maidir leis an bhformáid aonfhoirmeach do víosaí, tugtar bonn cirt le so-ghabhálacht na calaoise ar an ngreamán víosa. Glacadh an cinneadh cur chun feidhme sin tar éis go leor brionnú den ghreamán víosa nua a aimsiú sna Ballstáit go gairid tar éis a thabhairt isteach (Nollaig 2019).

²¹ Amhail an Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht (Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85)).

- An Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS)²² a athbheithníodh le déanaí.
- Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)²³, ar cuid é den chreat um Teorainn Chliste agus idir-inoibritheacht agus lena dtugtar isteach údarú taistil ar líne do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil víosa de dhíth orthu. Tá an t-údarú taistil sin éagsúil leis an nós imeachta maidir le víosaí, ar nós imeachta é lena gceanglaítear an bhithmhéadracht agus láithreach fhisiciúil na n-iarratasóirí a chur isteach chun rioscaí arda imirce agus slándála na dtríú tíortha a bhfuil víosa ag teastáil uathu a mhaolú.
- An Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), a bheidh i mbun oibríochta in 2022 agus a chuirfidh de cheangal ar gach taistealaí a thugann cuairt ar limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachtaí dul isteach agus imeacht ag pointí trasnaithe na dteorainneacha seachtracha a thaifeadh, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann rófhantóirí a bhrath²⁴.
- Tá an togra seo gan dochar do Threoir 2004/38/CE²⁵. Ní leasaítear Treoir 2004/38 ar bhealach ar bith leis an togra seo.
- Tá an togra seo gan dochar do Chuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe²⁶.
- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh maidir le digitíú víosaí san áireamh i gClár Oibre an Choimisiúin do 2021²⁷ agus dá dtagraítear sa Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann, mar a tugadh faoi deara thuas. Luaitear an tionscnamh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Straitéis i dtreo limistéar Schengen lánfheidhmiúil agus athléimneach*²⁸, mar cheann de na

²² Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021. Le rialachán athbheithnithe VIS, beifear in ann seiceálacha cúlra níos críochnúla a dhéanamh ar iarratasóirí ar víosaí, bearnaí faisnéise slándála a dhúnadh trí mhalartú faisnéise níos fearr idir na Ballstáit, an Córas Faisnéise Víosaí a leathnú chun víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a áireamh, agus beifear in ann fuadach agus gáinneáil ar leanaí a chomhrac tríd an aois méarlorg a íslíú do mhionaoisigh. In éineacht leis na córais faisnéise nua agus uasghrádaithe eile, ba cheart go mbeadh an Córas Faisnéise Víosaí nua ag feidhmiú agus go mbeadh sé idir-inoibritheach go hiomlán faoi dheireadh 2023.

²³ Bunús dlí ETIAS: Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

²⁴ Beidh EES idir-inoibritheach le VIS agus le córais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh ionas go ndéanfar cros-seiceáil ar an bhfaisnéis uile (e.g. tabharfaidh na córais faisnéis i dtaobh an bhfuil comhad in EES ag sealbhóir víosa cheana féin.

²⁵ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhail a dteaghlaiigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

²⁶ Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

²⁷ COM(2020) 690 final, Clár Oibre an Choimisiúin 2021, Aontas don bheocht i ndomhan leochaileacha, lch. 6.

²⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, ‘Straitéis i dtreo limistéar Schengen atá lánfheidhmiúil agus athléimneach’, COM(2021)277 final.

príomhghníomhaíochtaí a d'fhógair an Coimisiún chun feabhas a chur ar bhainistiú na dtorainneacha seachtracha.

Luíonn an tionscnamh freisin le cur chuige ginearálta an Aontais chun nuachóiriú agus digitiú na seirbhísí poiblí a spreagadh agus leis an teachtaireacht ón gCoimisiún²⁹ maidir le *compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don deacáid dhigiteach*.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

• Bunús dlí

Is é Airteagal 77(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an tionscnaimh reachtaigh. Tugtar le hAirteagal 77(2)(a) CFAE de chumhacht don Aontas bearta a fhorbairt a bhaineann leis an 'gcomhbheartas maidir le víosaí agus maidir le ceadanna cónaithe gearrghanachta eile'. Le hAirteagal 77(2)(b) CFAE tugtar de chumhacht don Aontas bearta a fhorbairt a bhaineann leis na seiceálacha a bhfuil daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha. Le hAirteagal 79(2)(a) tugtar de chumhacht don Aontas bearta a fhorbairt maidir le 'coinníollacha iontrála agus cónaithe, agus caighdeáin maidir le Ballstáit d'eisiúint víosaí fadtéarmacha agus ceadanna cónaithe'. Ós rud é gurb é is aidhm don ionstraim dlí víosaí gearrghanachta agus víosaí fadtéarmacha araon a dhigitiú (an fhormaid don víosa dhigiteach amháin do víosaí fadtéarmacha), tá gá le bunús dlí comhpháirteach ina bhfuil Airteagal 77(2) agus Airteagal 79(2) CFAE.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Léiríonn na héagothromaíochtaí atá ann faoi láthair idir próisis iarratais na mBallstát ar víosaí agus céimeanna éagsúla digitithe nach féidir leis na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar, na nósanna imeachta maidir le víosaí a dhéanamh níos sláine agus níos oiriúnaí don ré dhigiteach a bhaint amach. Chun na nósanna imeachta coiteanna sin a fheabhsú tuilleadh, tá gá le gníomhaíocht ón Aontas ós rud é go bhfuil formhór na saincheisteanna a sainathnóidh nasctha le dlí an Aontais. Ní dócha go gcuirfear deireadh leis na fadhbanna thuasluaite go luath amach anseo agus baineann siad go díreach le forálacha dhlí an Aontais atá ann cheana.

Is é is aidhm don Rialachán seo na nósanna imeachta a chúchóiriú agus a chomhchuíbhíú i gcomhthéacs an chomhbheartais víosaí. Ina theannta sin, tá an tionscnamh ag teacht le chéile idir taisteal, ceanglais iontrála agus seiceálacha teorann laistigh de limistéar Schengen trí dhigitiú agus tríd an gcreat idir-inoibritheachta ag na teorainneacha. Dá bhrí sin, is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir leasuithe a dhéanamh ar na codanna ábhartha de *acquis* Schengen (an Cód Víosaí agus Rialachán VIS agus gníomhartha reachtacha gaolmhara eile go príomha³⁰).

I bhfianaise scála, éifeachtaí agus thionchar na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, ní féidir na cuspóirí a bhaint amach go héifeachtúil córasach ach amháin ar leibhéal an Aontais.

²⁹ COM(2021) 118 final, Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach.

³⁰ Eadhon Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle, agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme.

- **Comhréireacht**

De réir phrionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) de CAE, ní mór cineál agus déine birt ar leith a bheith ag freagairt do chineál agus do dhéine na faidhbe a saináithníodh. Éilíonn na fadhbanna uile a dtugtar aghaidh orthu sa tionscnamh reachtach seo, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, gníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais a chuireann ar chumas na mBallstát dul i ngleic go héifeachtach leis na fadhbanna sin.

Beartaítear leis an togra go gcuirfear an víosa dhigiteach agus ardán éigeantach um iarratais ar víosaí de chuid an Aontais in ionad an ghreamáin víosa páipéir, ina mbeadh ar gach Ballstát a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine³¹ agus tíortha atá comhlachaithe le Schengen³² a bheith rannpháirteach nuair a chuirfear tús le hoibriú an chórais. Beidh na Ballstáit in ann leas a bhaint as idirthréimhse roghnach.

Cuidíonn an togra le dul i ngleic le bunchúiseanna na bhfadhbanna atá ann faoi láthair. Chuirfeadh sé deireadh leis an bpróiseas iarratais ar víosaí atá ilroinnte agus páipéarbhunaithe agus dhéanfaí comhchuibhiú ar na leibhéil ilchineálacha atá ann faoi láthair den digitiú, agus dhéanfaí ardleibhéal slándála a áirithiú ag an am céanna.

Ní rachadh sé sin thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí atá mínithe sna ranna roimhe seo a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is féidir cuspóirí an togra seo a bhaint amach trí ghníomh reachtach lena modhnófar na nósanna imeachta maidir le víosaí atá ann cheana. Dá bhrí sin, tá gá le rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus leasuithe iarmhartacha ar rialacháin eile.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Léirigh na páirtithe leasmhara uile a dtacaíocht don tionscnamh, agus leag siad béim ar na buntáistí agus na háiseanna a bhfuiltear ag súil leo a eascraíonn as réiteach digiteach nua-aimseartha soláimhsithe, a bhfuiltear ag súil leis go n-éascóidh sé nósanna imeachta riaracháin.

Le linn na gcomhairliúchán, thacaigh na Ballstáit go léir le víosa dhigiteach a thabhairt isteach. Tacaíonn na Ballstáit freisin leis an digitiú sin a leathnú go víosaí fadfhanachta. Maidir le hardán iarratais ar líne an Aontais, b'fhearr le roinnt Ballstát ardán iarratais de chuid an Aontais a úsáid ar bhonn deonach (Rogha 3, a bhfuil cur síos air thíos), ach thacaigh

³¹ Cé is moite d'Éirinn, nach bhfuil rannpháirteach i mbeartas víosaí an Aontais. A mhéid a bhaineann leis an gCipir, leis an mBulgáir, leis an Rómáin agus leis an gCróit, is éard atá i bhforálacha an Rialacháin seo forálacha lena gcuirtear le *acquis* Schengen, nó a bhfuil baint ar shlí eile acu le *acquis* Schengen faoi seach, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 arna léamh i gcomhar le Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle agus de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011.

³² An Íoslainn, an Iorua, Lichtinstéin agus an Eilvéis.

Ballstáit eile le húsáid éigeantach an ardáin a bhfuil idirthréimhse aige (Rogha 4, a bhfuil cur síos uirthi thíos).

Leag an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha agus na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí béim ar an ngá atá le cloí leis na prionsabail chosanta sonraí a bhaineann le ‘teorannú de réir cuspóra’ agus ‘íoslaghdú sonraí’ agus sonraí pearsanta á mbailiú, ar an tábhacht a bhaineann le sainiú soiléir a dhéanamh ar na húdaráis a bhfuil rochtain acu orthu agus ar an ngá atá leis an bpróiseas iarratais digiteach a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

A mhéid a bhaineann leis na roghanna éagsúla beartais, chuir údaráis náisiúnta cosanta sonraí in iúl gurbh fhearr leo ardán um iarratais ar víosaí de chuid an Aontais a fhorbairt agus a thógáil, bíodh sin ar bhonn deonach nó éigeantach (roghanna 3 agus 4, faoi seach, a bhfuil tuairisc orthu thíos).

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, Europol, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) chomh maith le húdaráis náisiúnta um chosaint sonraí maidir le nós imeachta iarratais ar víosaí atá iomlán digiteach a dhíolmhú ó thaistealaithe ar cuairt ó chonsalachtaí nó ó sholáthraithe seirbhíse seachtracha chun a mbithmhéadracht a chur isteach (féach Rogha 5 thíos). Chuir formhór na bpáirtithe leasmhara ina choinne sin go háirithe mar gheall ar chianbhailiúchán na bithmhéadrachta. Go ginearálta, mhínigh an MECS go bhfuil na rioscaí do chosaint sonraí níos mó mar thoradh ar an leibhéal níos airde de dhigitiú na roghanna. Rinne an Coimisiún dianmhachnamh ar an aiseolas ó ghníomhaireachtaí an Aontais agus ó na húdaráis náisiúnta, lena n-áirítear na hábhair inní a d’ardaigh bailiúchán bithmhéadrachta ar líne faoi Rogha 5.

Chuir Frontex in iúl gur díol sásaimh é víosa dhigiteach a thabhairt isteach mar go mbeadh sé níos deacra fós greamáin víosa a chruthú (gan víosa a bheadh níos “fisiciúla”) dá bharr. Ina theannta sin, d’imeodh costais oibriúcháin arda an ghreamáin víosa.

Thacaigh ionadaithe an tionscail taistil agus turasóireachta d’aon ghuth le Rogha 4. Chuir siad in iúl go n-éascófaí leis sin an nós imeachta iarratais d’iarratasóirí ar víosaí, chomh maith leis an tionchar dearfach ar thaisteal chuig an Aontas agus gur mó an tarraingteacht a bheadh ag an Aontas mar cheann scríbe taistil. Leag siad béim ar an ngá atá ann go dtairgfeadh an tAontas eispéireas taistil gan uaim atá coibhéiseach leis an taithí atá á moladh ag tíortha ar nós na hAstráile, go háirithe i leith taistealaithe ó thíortha de chuid na hÁise atá faoi réir ceanglas víosa. Cé go léiríonn siad leas i Rogha 5 freisin, d’aithin siad go bhféadfadh dúshlán slándála a bheith i gceist léi. Leag na heagraíochtaí gnó freagartha béim freisin ar an ngá atá le slándáil sonraí a áirithiú, agus le hidirthréimhse a bheartú chun aistriú rianúil ó réitigh ar pháipéar go réitigh dhigiteacha a áirithiú, chomh maith leis an ngá le réitigh chúltaca i gcás saincheisteanna teicniúla.

Léiríonn torthaí comhairliúcháin phoiblí a reáchtáladh idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2021 go bhfuil tacaíocht an-láidir ann don phróiseas digitithe, maidir leis an víosa dhigiteach agus maidir leis an bhféidearthacht atá ann cur i bhfeidhm ar líne (515 fhreagra). Meastar gur forbairtí an-dearfacha iad ardán ar líne maidir le hiarratais agus víosa dhigiteach a thabhairt isteach, rud a d’éascódh an nós imeachta maidir le hiarratais ar víosaí gearrfhanachta agus taisteal chuig an Aontas do shealbhóirí víosa.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuir an Coimisiún comhairleoir seachtrach ar conradh chun staidéar a dhéanamh ar indéantacht agus impleachtaí na roghanna chun próiseáil víosaí a dhigitiú. Foilsíodh an tuarascáil i Meán Fómhair 2019 agus tá sí ar fáil ar líne³³.

Ina theannta sin, chuidigh conraitheoir seachtrach leis an gCoimisiún trí staidéar a dhéanamh ina raibh anailís costais is tairbhe mhionsonraithe ar na roghanna beartais éagsúla, lena tacaíodh leis an obair ar an tuarascáil ar an Measúnú Tionchair. Seoladh an glao ar an staidéar i mí na Nollag 2020, agus ina dhiaidh sin rinneadh meastóireacht ar dhá thairiscint shubstainteacha, as ar tháinig cinneadh na dámhachtana ag deireadh mhí Eanáir 2021 go Deloitte.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir lena bheartas ‘Rialáil Níos Fearr’, rinne an Coimisiún Measúnú Tionchair³⁴. Rinneadh meastóireacht sa Mheasúnú Tionchair ar chúig rogha beartais, le leibhéal éagsúla idirghabhála ón Aontas sa phróiseas reatha víosaí:

Meastar gurb é Rogha 1 an cás bunlíne: Faoi gcás bunlíne, ní dhéanfaí aon bheart reachtach ar leibhéal an Aontais. Leanfadh na Ballstáit ar aghaidh lena n-uirlis náisiúnta a fhorbairt nó gan a fhorbairt. D’eiseodh an Coimisiún moltaí neamhcheangailteacha do na Ballstáit agus thacódh sé le bearta reachtaíochta boige.

Áirítear i Rogha 2 roinnt mionathruithe reachtacha ar an leibhéal Eorpach, arb é is aidhm dóibh deireadh a chur le bacainní dlí a chuireann teorainn leis an deis atá ag na Ballstáit digitiú breise a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais ar víosaí. Chuirfí víosa dhigiteach éigeantach in ionad an ghreamáin víosa pháipéir agus thabharfaí seirbhís gréasáin isteach chun bailíocht an ghreamáin sin a sheiceáil.

Beartaítear le Rogha 3 ardán um iarratais ar víosaí de chuid an Aontais a fhorbairt agus a thógáil, cé gur ar bhonn rogha an diúltaithe amháin a dhéanfaí sin. D’fhéadfadh na Ballstáit rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh in ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí ar bhonn deonach nó a n-ardáin náisiúnta féin a fhorbairt, nó leanúint dá n-úsáid, nó fiú gan aon réiteach ar fheidhmchlár digiteach a fhorbairt. Bheadh sealbhóirí víosa in ann bailíocht a víosa digítí a sheiceáil trí ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí, ag brath ar an mBallstát a d’eisigh an víosa.

Faoi Rogha 4, ar nós Rogha 3, áirítear leis an rogha seo freisin ardán um iarratais ar víosaí de chuid an Aontais a fhorbairt. Cé go mbeadh rannpháirtíocht na mBallstát in ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí roghnach faoi Rogha 3, faoi Rogha 4, bheadh ardán an Aontais éigeantach do gach Ballstát tar éis na hidirthréimhse. Bheadh sealbhóirí víosa in ann bailíocht a víosa digítí a sheiceáil trí ardán iarratais víosa an Aontais Eorpaigh.

Áirítear i rogha 5 digitiú iomlán nós imeachta iarratais víosa an Aontais ar bhonn éigeantach agus gan idirthréimhse. Murab ionann agus na roghanna eile go léir, bheadh an t-iarratasóir in ann a shonraí bithmhéadracha a chlárú trí iarratas digiteach, rud a chuirfeadh deireadh leis an

³³ [Staidéar ar indéantacht agus impleachtaí na roghanna chun próiseáil víosaí a dhigitiú, 2019](https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/4cb4fbb8-4c82-11ea-b8b7-01aa75ed71a1)
<https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/4cb4fbb8-4c82-11ea-b8b7-01aa75ed71a1>

³⁴ Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla a bhaineann le digitiú an phróisis víosaí agus chun tacú le measúnú tionchair a ullmhú – tá an Tuarascáil Deiridh ar fáil: https://ec.europa.eu/home-affairs/study-assess-various-options-related-visa-process-digitalisation-and-support-preparation-impact_ga.

ngá cuairt a thabhairt ar an gconsalacht nó ar an lárionad um iarratais ar víosaí i bpearsa, rud a bheadh fós ann faoi gach rogha eile.

Bunaithe ar thorthaí na tuarascála ar an Measúnú Tionchair, meastar gurb é Rogha 4 an rogha thosaíochta toisc gurb í an rogha is fearr a bhainfí amach na cuspóirí uile a leagtar síos leis an tionscnamh. Le Rogha 4, dhéanfaí an próiseas iarratais ar víosaí a shimpliú agus a chomhchuíbhiú, d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú do na Ballstáit (EUR 510.9 milliún a mheastar a bheith ann le linn na tréimhse 2025-2029) agus d'iarratasóirí agus chuideodh sí le slándáil phróiseas víosaí Schengen a mhéadú. Bheadh sé ina rogha mhaith freisin i ndáil le critéir eile amhail cosaint sonraí agus cearta bunúsacha.

Tugtar le tuiscint le rogha 4 go bhforbrófar ardán éigeantach um iarratais ar víosaí digiteacha de chuid an Aontais le haghaidh víosaí gearrfhanachta agus tugtar sainordú go n-úsáidfean an víosa dhigiteach. Bheartófaí idirthréimhse chun a chur ar chumas na mBallstát sin a úsáideann nó a fhorbraíonn a n-ardán náisiúnta víosaí féin a gcuid réiteach náisiúnta a chéimniú amach agus dul isteach in ardán iarratais víosaí an Aontais, agus ar an gcaoi sin na costais bháite infheistíochta a d'fhéadfadh a bheith ann a íoslaghdú. Thosódh na Ballstáit ar iarratas ar víosa an Aontais a úsáid de réir a chéile laistigh den idirthréimhse.

Ina theannta sin, bheadh ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí ag brath ar stóráil dhílraithe iarratas i gcórais náisiúnta na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh gach Ballstát a bhfuil a gcóras iarratais (e.g. foirm leictreonach) digitithe go páirteach in ann an comhéadan a úsáidtear chun na sonraí a tharchur san fhoirm leictreonach a athúsáid chuig an gcóras náisiúnta víosaí a úsáidtear chun iarratais a phróiseáil. Maidir leis na Ballstáit a bhfuil réiteach i bhfeidhm acu freisin trína ndéantar an feidhmchlár iomlán a dhigitiú, féadfaidh siad a réitigh reatha stórála digití a choimeád. Sa bhreis ar na rioscaí níos ísle maidir le slándáil nó cosaint sonraí, d'fhágfadh stóráil dhílraithe go bhféadfaí costais bháite a mhaolú do Bhallstáit a bhfuil infheistíocht déanta acu cheana sa digitiú agus a bhfuil na cumais stórála ábhartha bunaithe acu.

Faoin rogha seo, is féidir le náisiúnaigh tríú tír iarratas a dhéanamh ar víosa ghearrfhanachta ar líne, tríd an ardán iarratais. Mar sin féin, bheadh ar iarratasóirí céaduaire, iarratasóirí den chéad uair gach cúig bliana³⁵, iarratasóirí atá ag taisteal le leanaí (chun leas an linbh a chosaint) agus iarratasóirí a bheidh ag taisteal ar dhoiciméad taistil eile seachas an doiciméad a úsáideadh d'iarratais ar víosaí roimhe sin, iad féin a chur i láthair na consalachta nó an lárionaid um iarratais ar víosaí chun bithmhéadracht a sholáthar agus chun críocha aitheantais, nó faisnéis bhreise a chur ar fáil, nuair is gá.

Ó thaobh shlándáil limistéar Schengen de, le próiseas digiteach iarratais ar víosaí a láimhseáiltear trí ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí agus a bhraitheann ar an víosa dhigiteach, neartófaí slándáil an phróisis fhoriomláin, chuirfí le slándáil na dteorainneacha seachtracha Schengen, agus mhéadófaí muinín i measc na mBallstát. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí cinneadh uathoibríthe páirteach a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá inniúil chun an t-iarratas ar víosa a mheasúnú, ar bhonn chritéir an Chóid Víosaí, rud a laghdódh go suntasach an baol go dtarlódh siopadóireacht víosaí

Laghdódh an víosa dhigiteach go mór na rioscaí slándála i gcomparáid leis an ngreamán víosa. B'amhlaidh a bheadh i gcás cúltaca freisin, i.e. i gcás nach féidir seiceálacha a

³⁵ De réir rialacha infheidhme an Chóid Víosaí (Rialachán (CE) Uimh. 810/2009), tá sonraí bithmhéadracha le bailiú, i bprionsabal, gach 59 mhí, ag tosú ó dháta an chéad bhailiúcháin; Seachas sin déantar iad a chóipeáil ón iarratas roimhe seo

dhéanamh in VIS agus i gcórais faisnéise eile de chuid an Aontais go teicniúil. Ní fhéadfaí greamáin víosaí bána a ghoid, mar is amhlaidh i gconsalachtaí na mBallstát inniu³⁶. Le Rogha 4, déanfar comhchuibhiú ar fhormaidí agus ar cháilíocht sonraí na ndoiciméad tacaíthe a uaslódáladh ar ardán iarratais an Aontais Eorpaigh, rud a chuirfidh coimircí breise ar fáil maidir le doiciméid bhrionnaithe a bhrath

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

De réir Chlár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag gach tionscnamh darb aidhm reachtaíocht reatha an Aontais a athrú cuspóirí beartais sonraithe a shimpliú agus a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtúla (i.e. trí chostais rialála neamhriachtanacha a laghdú). Cé nach raibh an tionscnamh seo faoi réir thionscnamh REFIT, laghdóidh sé go suntasach costais riaracháin fhoriomlána na mBallstát chun iarratais ar víosaí a bhainistiú, mar a léirítear sa Mheasúnú Tionchair.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an tionscnamh reachtach seo, díritear go háirithe ar an ngá atá le comhlíonadh iomlán na gcearta bunúsach, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad, a áirithiú.

Bhainfeadh iarratasóirí ar víosaí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe tairbhe níos mó ná riamh as an ngá le cuairt a thabhairt ar chonsalacht nó ar lárionad um iarratais ar víosaí. Ar an taobh eile, bheadh catagóirí áirithe iarratasóirí fós in ann iarratas a dhéanamh ag consalacht nó ag lárionad um iarratais ar víosaí mura leor an cúnamh a thugann ardán iarratais ar víosaí an Aontais, nó soláthraithe seirbhíse agus teaghlai gh nó cairde³⁷.

Trí iarratas a dhéanamh ar líne, is dócha go gcuirfeadh feabhas ar an taithí atá ag daoine a bhfuil lagamharc acu iarratas a dhéanamh ar víosa. Ní mór d'ardáin iarratais dhigiteacha, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, an Treoir maidir le hInrochtaineacht³⁸ a chomhlíonadh, faoina gcaithfidh na Ballstáit a áirithiú 'go ndéanfaidh comhlachtaí na hearnála poiblí na bearta is gá chun go mbeidh a suíomhanna gréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibíleacha níos inrochtana trí iad a dhéanamh níos inbhraite, inoibríthe, intuigthe agus stóinsithe'. Dá bhrí sin, ba cheart go ligfeadh suíomhanna gréasáin d'úsáideoirí athrú a dhéanamh ar an gcaoi a dtaispeántar an fhaisnéis (méid chlaon, dathanna, etc.) agus d'fhéadfadh siad freisin cúnamh fuaimne a thairiscint (téacsanna a léamh amach). Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh, nó ní bheadh sé chomh mór sin, le próiseas iarratais ar pháipéar. Ina theannta sin, ráthódh sé inrochtaineacht ard do dhaoine nach bhfuil in ann a fheiceáil ná a chloisteáil, toisc go gcuirfeadh gach tír na caighdeáin agus na gnéithe atá leabaithe in ardán iarratais an Aontais i bhfeidhm.

³⁶ Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faoin gCód Víosa tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir le cailteanas suntasach greamán víosaí bána. (Airteagal 37(2)).

³⁷ Cuireadh é sin san áireamh agus costais agus sochair á ríomh, ag glacadh leis go ndéanfaí 3 % de na hiarratais trí iarratais ar pháipéar fós. Bhainfeadh sé sin le hiarratasóirí nach féidir leo iarratas a dhéanamh ar líne nó le hiarratasóirí a gceanglaítear orthu doiciméid tacaíochta páipéir a sholáthar. Ós rud é go mbeidh an t-iarratas trí mhodhanna digiteacha i bhfad níos éasca ná trí pháipéar ag an gconsalacht, beidh an céatadán an-íseal.

³⁸ Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1-15).

Na forálacha speisialta a bheadh infheidhme maidir le cásanna aonair mar gheall ar chúiseanna daonnúla, bheadh feidhm acu freisin maidir le daoine a bhfuil litearthacht TF níos ísle ag teastáil uathu agus a mbeadh cúnaimh teicniúil ag teastáil uathu. Mar sin féin, tiocfaidh laghdú de réir a chéile ar shaincheisteanna maidir le hinrochtaineacht dhigiteach de réir a chéile mar gheall ar an méadú domhanda ar litearthacht TF.

Maidir le cearta an linbh, d'fhanfadh an córas reachtach is infheidhme lena ráthaítear an próiseas ar an láthair do leanaí i bhfeidhm. Le Rialachán VIS athbhreithnithe, tugadh isteach athruithe arb é is aidhm dóibh go háirithe an comhrac i gcoinne mí-úsáid chearta leanaí a neartú tríd an aois méarlorgaireachta a ísliú (ó 12 bliana go 6 bliana), ach freisin cosaintí diana a chur i bhfeidhm ar shonraí bithmhéadracha leanaí, go háirithe trí theorainn a chur le tréimhse stórála na sonraí: scriosfar méarloirg agus íomhánna den aghaidh a bhaineann le leanaí faoi bhun 12 bliana d'aois nuair a bheidh an víosa imithe in éag agus tar éis don leanbh na teorainneacha seachtracha a fhágáil. Má dhéantar iarratasóirí a bhfuil leanaí acu a athdhéanamh, beidh gá le nós imeachta eile ar an láthair i ngach cás den sórt sin.

Bheadh ról na soláthraithe seirbhíse seachtracha i gcomhthéacs an digitithe ag brath ar na cúraimí sin a dhéanadh na Ballstáit a sheachfhoinsiú dóibh i gcomhthéacs nua an digitithe, nuair a cheadaítear sin leis an gcreat reachtach. Ní bheadh gá a thuilleadh le cuid mhór de na cúraimí riaracháin a chuirtear ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha faoi láthair i gcás nósanna imeachta digiteacha (amhail faisnéis ón bhfoirm iarratais fhisiciúil a chur isteach i bhfoirm dhigiteach). Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh ról na soláthraithe seirbhíse seachtracha cúnaimh ginearálta a chur ar fáil don iarratasóir a mhéadú (e.g. cúnaimh do dhaoine nach bhfuil litearthacht TF acu). Mar sin féin, san fhadtéarma, ba cheart go dtiocfadh laghdú ar an ról atá acu maidir le hiarratais a bhailiú toisc go mbeadh iarratasóirí a bhfuil sonraí bithmhéadracha bailí acu cláraithe cheana féin in ann iarratas iomlán a dhéanamh ar líne. Ó thaobh na cosanta sonraí de, is éard atá i gceist le soláthraithe seirbhíse seachtracha a úsáid nochtadh breise sonraí pearsanta do thríú páirtithe *de facto*. Ní baol é sin do chosaint sonraí fad a chomhlíonann na próisis agus na teicneolaíochtaí a úsáideann soláthraithe seirbhíse seachtracha na prionsabail maidir le cosaint sonraí agus feabhas ar phríobháideacht agus go ndéanann údaráis na mBallstát faireachán cuí ar gach soláthraí seirbhíse seachtrach.

Mar a luaigh an MECS, tagann tionchar cosanta sonraí an tionscnaimh go príomha as ardán iarratais ar víosaí a thabhairt isteach (a mbíonn tionchar aige ar láimhseáil sonraí pearsanta ag soláthraithe seirbhíse seachtracha, ar shlándáil sonraí an ardáin). I ndáil leis sin, léiríodh san anailís a rinneadh ar na roghanna go mbeadh rioscaí tromchúiseacha ag baint le Rogha 5 maidir le cosaint sonraí i ngeall ar fhéinchlárú bithmhéadrachta trí mhodhanna digiteacha. Bhí na roghanna eile go léir sách coibhíseach maidir le cosaint sonraí.

Maidir le víosaí digiteacha, faoi láthair déantar an fhaisnéis faoi víosa a stóráil i mbunachar sonraí ar mhórscaála de chuid an Aontais – an VIS, chomh maith le fianaise trí ghreamán víosa a ghreamú den phas. Dá bhrí sin, má dhéantar an greamán víosa a dhíábharrú i víosa dhigiteach amháin, ní athróidh sé sin go stóráiltear an fhaisnéis maidir le víosaí i mbunachar sonraí ar mhórscaála de chuid an Aontais agus go mbeidh sí fós á stóráil ann. Tá coimircí arda maidir le cosaint sonraí i Rialachán VIS cheana féin (rialacha coinneála, rialacha rochtana, cearta rochtana, cearta maidir le ceartú, comhlánú, scriosadh sonraí pearsanta agus srian ar phróiseáil etc.). Ina theannta sin, le Rialachán VIS a athbhreithníodh le déanaí, cuireadh tuilleadh leis na coimircí cosanta sonraí sin trí fhorálacha cosanta sonraí a thabhairt i gcomhréir leis na caighdeáin reachtacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí. Leanfaidh na coimircí feabhsaithe cosanta sonraí sin d'fheidhm a bheith acu, toisc go leanfar den fhaisnéis atá sna víosaí digiteacha a stóráil sa VIS.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

- **Ardán iarratais ar víosaí an Aontais**

Maidir leis an impleacht buiséid d'institiúidí an Aontais, mar a mheastar sa staidéar ar Fhréamhshamhail Víosa Digiteach³⁹, beidh idir EUR 33.8 milliún agus EUR 41.2 milliún i gceist leis an gcostas a bhaineann le hardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a bhunú (lena n-áirítear na costais seirbhíse bhainistithe agus na hoiriúnuithe is gá le haghaidh VIS)⁴⁰. Nuair a bheidh an tseirbhís bhainistithe sin á cruthú, beidh costas bliantúil idir EUR 10.5 milliún agus EUR 12.8 milliún ar na costais oibriúcháin agus chothabhála, lena n-áirítear 10 bhall foirne le haghaidh eu-LISA.

Maidir leis an tionchar ar na Ballstáit, beidh ar gach Ballstát a gcóras nó a gcórais náisiúnta a nascadh agus a nuashonrú ionas gur féidir leo na seirbhísí a úsáid ó ardán nua láraithe nua an Aontais um iarratais ar víosaí. Meastar sa Mheasúnú Tionchair go bhfuil an costas sin idir EUR 270 000 agus EUR 330 000 in aghaidh an Bhallstáit. Nuair a bheidh siad nasctha, beidh ar na córais náisiúnta na hiarratais a gheofar a stóráil ionas gur féidir iad a scrúdú níos déanaí. Measadh sa Mheasúnú Tionchair go ndéanfaí infheistíocht thart ar EUR 2.5 milliún go EUR 3 milliún (ar an meán) in aghaidh an Bhallstáit⁴¹ i gcás na bhforálacha bonneagair sin. Bheadh an costas sin ag brath go mór ar líon na n-iarratas ar víosaí a fhaigheann Ballstát in aghaidh na bliana. Nuair a bheidh na córais náisiúnta tugtha cothrom le dáta agus nasctha leis an tseirbhís bhainistithe agus nuair a bheidh dóthain spáis stórála beartaithe, beidh gá na córais náisiúnta feabhsaithe nua sin a chothabháil freisin, agus meastar go mbeidh costas idir EUR 460 000 agus EUR 570 000 ag gabháil leis in aghaidh an Bhallstáit, go bliantúil. Ní hionann an costas sin agus líon na n-iarratas a fhaightear ó Bhallstát. Ba cheart a chur in iúl go láidir go mbeidh na costais thuasluaite uile, mar thoradh ar bhairinneacht scála, níos ísle ná na costais a thabhdh Ballstát dá bhforbróidh sé a ardán iarratais ar líne féin.

- **Víosa dhigiteach**

Tá an costas a bhaineann leis an víosa dhigiteach ar leibhéal lárnach (seirbhís chun bailíocht víosaí a sheiceáil) san áireamh sa chostas thuasluaite atá ar ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí (feidhmiúlacht an ardáin). Ina theannta sin, tá na taifid ar víosaí a eisíodh faoi láthair stóráilte go digiteach in VIS cheana féin. Dá bhrí sin, ní bheadh aon chostais bhreise eile do bhuiséad an Aontais i gceist le digitiú víosaí.

Ní bheadh ach costais dhiomaibhseacha ar na Ballstáit dá dtabharfaí isteach an víosa dhigiteach, de réir na ríomhanna sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo. Go deimhin, beidh na huirlisí chun barrachód 2D sínithe a ghiniúint agus a fhíorú i bhfeidhm

³⁹ Tionscadal le eu-LISA chun fréamhshamhail d'ardán ar líne an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí amach anseo a fhorbairt agus a thástáil, a seoladh i mí Mheán Fómhair 2020 i gcomhréir le Comhaontú Leibhéal Seirbhíse arna shíniú idir AS HOME agus eu-LISA an 27 Iúil 2020. Tá an tionscadal chun anailís a dhéanamh ar na costais agus ar na ceanglais theicniúla agus dhlíthiúla a bhaineann le hardán feidhmchláir ar líne de chuid an Aontais amach anseo. Tuarascáil deiridh an tionscail le cur isteach faoi mhí Dheireadh Fómhair 2021.

⁴⁰ Measta le trí bliana anuas bunaithe ar an staidéar féidearthachta maidir le víosaí digiteacha 2019.

⁴¹ Tabhair do d'aire le do thoil go n-imíonn an meánchostas sin ón meánchostas atá luaite i rogha 3. Is amhlaidh sin toisc nach bhfuil sna 17 Bhallstát a roghnaíodh i Rogha Beartais 3 ach 43 % de na hiarratais ar víosaí agus gurb ionann iad agus thart ar 75 % de na Ballstáit ar fad. Is é sin an chúis nach féidir costais bhonneagair a scálú go líneach ar líon na mBallstát a chinneann roghnú.

cheana féin chun an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena dtugtar isteach séala digiteach ar an bhformáid aonfhoirmeach do víosaí a chomhlíonadh⁴².

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh sásra láidir faireacháin agus meastóireachta ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh na héifeachtaí tairbhiúla atá beartaithe maidir le cur chun feidhme ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí agus na víosaí digiteacha a thiocfaidh chun cinn sa chleachtas.

Foráiltear cheana féin in Airteagal 57 den Chód Víosaí agus in Airteagal 50 de Rialachán athbhreithnithe VIS maidir le Faireachán agus Meastóireacht, maidir le hoibleagáidí faireacháin agus meastóireachta. Cuirtear isteach airteagal tiomnaithe i Rialachán VIS, lena dtugtar aghaidh go sonrach ar mheastóireacht na n-athruithe a eascraíonn as an togra maidir le digitiú nósanna imeachta maidir le víosaí a ghlacadh.

Leis na táscairí, beifear in ann dul chun cinn a thomhas chun na príomhchuspóirí a bhaint amach, eadhon an próiseas iarratais ar víosaí a shimpliú agus a chomhchuihbhiú do na Ballstáit agus do náisiúnaigh tríú tír; Rioscaí calaoise (céannachta) a laghdú, brionnú a dhéanamh agus an próiseas fíorúcháin ag an teorainn a éascú; Agus an tAontas Eorpach a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe.

Déantar faireachán nó measúnú ar chur chun feidhme beartais víosaí trí shásra meastóireachta Schengen freisin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/20133 ón gComhairle, gan dochar do ról an Choimisiúin mar chaomhnóir ar na Conarthaí (Airteagal 17(1) CFAE).

- **Geoiméadracht athraitheach**

Leis an togra seo, cuirtear le *acquis* Schengen i ndáil le teorainneacha seachtracha agus víosaí sa mhéid agus go mbaineann sé le teorainneacha seachtracha a thrasnú agus le víosaí gearrfhanachta a dheonú. Toisc go bhfuil an bunús dlí don togra seo le fáil i dTeideal V de Chuid a Trí CFAE, tá feidhm ag an gcóras ‘geoiméadrachta athraithe’, dá bhforáiltear i bprótacail maidir le seasamh na Danmhairge agus na hÉireann agus i bprótacal Schengen. Ní foláir iarmhairtí an togra seo do phrótacail éagsúla agus do chomhaontuithe comhlachais Schengen éagsúla a mheas i ndáil leis na tíortha seo a leanas: an Danmhairg, Éire, an Íoslainn agus an Iorua; agus an tSualainn agus Lichtinstéin.

Ar an dóigh chéanna, ní foláir na hiarmhairtí maidir leis na hIonstraimí Aontachais éagsúla a mheas. Tá tuairisc mhionsonraithe ar chás gach ceann de na Stáit lena mbaineann in aithrisí 40-47 den togra seo.

- **Míniúcháin mhionsonraithe ar fhorálacha an togra**

Le hAirteagal 1 den togra modhnaítear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 (an Cód Víosaí) chun an togra a chur chun feidhme, trí na modhnuithe suntasacha seo a leanas a dhéanamh, i dteannta roinnt leasuithe iarmhartacha eile:

⁴² C(2020)2672. Sonraítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo go gcuirfidh na Ballstáit uile an séala digiteach i bhfeidhm dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis an fhógra (i.e. an 1 Bealtaine 2022).

- Léirítear in Airteagal 1 agus síos tríd an téacs tríd síos an stádas speisialta atá ag iarratasóirí ar baill iad de theaghlach náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad de Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i ndáil lena Stát óstach, de bhua Airteagal 14(3) de Chomhaontú um Tharraingt Siar an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe;
- Leagtar síos le hAirteagal 3(5) an riail lena gcinnefar an Ballstát inniúil chun iarratas a scrúdú;
- Tugtar isteach le hAirteagal 9 an oibleagáid maidir le cur i bhfeidhm trí ardán digiteach an Aontais d'iarratais ar víosaí, agus ag an am céanna déantar an fhéidearthacht a choinneáil freastal ar eisceachtaí áirithe, eadhon víosaí a eisítear ag an teorainn sheachtrach, víosaí a eisítear do Chinn Stáit nó Rialtais, agus cásanna aonair ar chúiseanna daonchairdiúla;
- Foráiltear in Airteagal 10 do na rialacha ginearálta maidir le hiarratas a thaisceadh, le roinnt oiriúnuithe chun a áirithiú gur féidir na rialacha a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs digiteach;
- Leagtar amach in Airteagal 12 nach mór an chéad iarratas a chur i láthair an doiciméid taistil, ach ina dhiaidh sin is leor cóip scanta a uaslódáiltear chuig Ardán Iarratais an Aontais;
- Coimeádtar na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 maidir le haitheantóirí bithmhéadracha i bhfeidhm, agus ní dhéanfar ach athruithe spriocdhírthe chun feidhmiúlachtaí ardán feidhmchláir digiteach de chuid an Aontais a léiriú, go háirithe úsáid thairseach an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh nuair a bhailíonn na soláthraithe sin bithmhéadracht;
- Modhnaítear Airteagal 18 chun réamhsheiceáil uathoibríthe ar inniúlacht agus ar inghlacthacht arna ndéanamh ag ardán iarratais víosa an Aontais a léiriú;
- Leasaítear Airteagal 19 chun na rialacha maidir le hinghlacthacht a chur in oiriúint d'úsáid ardán iarratais víosa an Aontais, go háirithe maidir le réamhsheiceáil inghlacthachta arna déanamh ag ardán iarratais víosa an Aontais;
- Coimeádtar na rialacha a leagtar síos in Airteagal 24 maidir le víosaí dul isteach iolrach a eisiúint. Mar sin féin, toisc víosaí a bheith dí-ábharaithe, ní bheidh bailíocht na víosa teoranta a thuilleadh faoi dháta éaga an phas;
- Leagtar amach in Airteagal 26ú go n-eiseofar víosaí i bhformáid dhigiteach sa Chóras Faisnéise Víosaí.

Le hAirteagal 2 cuirtear chun feidhme ardán iarratais ar víosaí an Aontais , trí shraith athruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 (Rialachán VIS) a mholadh. Déantar na modhnuithe suntasacha seo a leanas, i dteannta roinnt leasuithe iarmhartacha eile:

- Tugtar isteach le hAirteagal 2a ardán ar líne an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí mar fheidhmiúlacht nua sa Chóras Faisnéise Víosaí;
- Tugtar isteach Caibidil Ia nua, lena leagtar síos feidhmiúlachtaí ardán iarratais ar víosaí an Aontais: ag cur síos ar an bhfaisnéis atá le háireamh san fhoirm iarratais ar líne, ag tógáil ar an bhfaisnéis atá ag teastáil faoi láthair ó iarratasóirí (Airteagal 7b); liosta a dhéanamh de na céimeanna a bheidh le glacadh ag iarratasóirí chun iarratas a chur isteach ar an ardán, ar aon dul le samhail ETIAS agus leis an bpróiseas atá ann

cheana chun iarratas a dhéanamh ar víosa (Airteagal 7c); an uirlis íocaíochta agus coinní a thabhairt isteach (Airteagal 7ú); Tairseach a bhunú chun rochtain inléite amháin ar shonraí VIS a cheadú do Sholáthraithe Seirbhíse Seachtracha (Airteagal 7e); Míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtabharfar fógra faoi chinntí, de réir shamhail ETIAS freisin (Airteagal 7f).

- Déantar foráil in Airteagal 7b maidir le forálacha sonracha maidir le húsáid an ardáin iarratais de chuid an Aontais ag baill teaghlaigh saoránach den Aontas nó ag baill de theaghlach náisiúnach tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais nó ag baill de theaghlach náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad de Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

Le hAirteagal 3 leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle (an Rialachán maidir le Greamáin Víosa) chun an víosa dhigiteach a chur chun feidhme trína shonrú go ndéanfaidh na Ballstáit a chuireann *acquis* Schengen chun feidhme ina iomláine víosaí a eisiúint i bhformáid dhigiteach.

Le hAirteagal 4 leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 ón gComhairle (formáid aonfhoirmeach le haghaidh foirmeacha chun víosa a ghreamú arna eisiúint ag na Ballstáit chuig daoine a bhfuil doiciméid taistil ina seilbh acu nach n-aithníonn an Ballstát atá ag tarraingt suas na foirme). Trí víosaí digiteacha a thabhairt isteach nach bhfuil greamaithe de dhoiciméad taistil, ní gá a thuilleadh foirm speisialta le haghaidh víosaí a ghreamú de shealbhóir doiciméid taistil nach n-aithníonn an Ballstát sin a bheith ann chun víosaí a ghreamú de.

Déantar foráil in Airteagal 5 maidir le leasuithe spriocdhírthe ar Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle maidir le formáidí aonfhoirmeacha do Dhoiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) agus do Dhoiciméid Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD). D'fhonn an digitiú a léiriú, sonraítear go n-eiseofar na doiciméid sin i bhformáid dhigiteach.

Le hAirteagal 6 leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme. Ós rud é go n-úsáidtear an fhormáid do víosaí gearrfhanachta, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle, do víosaí fadfhanachta freisin. Dá bhrí sin, leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme ionas go bhféadfar víosaí fadfhanachta a eisiúint i bhformáid dhigiteach freisin.

Le hAirteagal 7 leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle (maidir le Doiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméid Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD)). Is ar pháipéar atá an nós imeachta chun iarratas a dhéanamh ar na doiciméid sin. Chun forbairtí digitithe a léiriú, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle chun gur féidir iad a eisiúint i bhformáid dhigiteach, chomh maith le feidhmchláir dhigiteacha.

Déantar foráil in Airteagal 8 maidir le leasuithe teicniúla spriocdhírthe ar Rialachán (AE) 2017/2226 (an Rialachán maidir le Córas Dul Isteach/Imeachta), leasuithe a bhfuil gá leo mar gheall ar an víosa dhigiteach a thabhairt isteach agus deireadh a chur leis an ngreamán víosa fisiciúil, go háirithe sonraí a aistriú ó VIS go EES nuair a dheimhnítear víosa bhailí i ndoiciméad taistil nua.

Déantar foráil in Airteagal 9 maidir le forálacha caighdeánacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar ardán cur i bhfeidhm an Aontais.

Leagtar amach in Airteagal 10 forálacha maidir le tús oibríochtaí ardán an Aontais maidir le hiarratais agus víosaí digiteacha. Déantar foráil ann freisin maidir le hidirthréimhse do na Ballstáit nach mian leo leas a bhaint as ardán iarratais víosa an Aontais, agus déantar cur síos ann ar rialacha mionsonraithe na hidirthréimhse sin.

Is foráil chaighdeánach é Airteagal 11 maidir le teacht i bhfeidhm an rialacháin leasaithe.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009 agus (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1683/95, (CE) Uimh. 333/2002 (CE) Uimh. 693/2003 agus (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle agus an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le digitíú an nós imeachta víosa

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2) pointe (a) agus Airteagal 79(2), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cuid dhílis de bhunú limistéir gan teorainneacha inmheánacha ab ea comhbheartas an Aontais maidir le víosaí. Ba cheart an beartas víosaí a bheith ina ghné fhíorriachtanach i gcónaí chun cabhrú le rioscaí slándála agus riosca imirce neamhrialta chuig an Aontas a chomhrac, agus turasóireacht agus gnó a éascú ag an am céanna. Ba cheart don chomhbheartas víosa cuidiú le borradh a chur faoin bhfás agus ba cheart é a bheith comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, amhail beartais a bhaineann le caidreamh seachtrach, trádáil, oideachas, cultúr agus turasóireacht. I dteachtaireacht ón gCoimisiún maidir le beartas víosaí i mí an Mhárta 2018, tugadh aghaidh ar an gcoincheap ‘r-víosaí’ agus fógraíodh staidéar féidearthachta maidir le nósanna imeachta digiteacha víosaí agus an rún atá ann measúnú a dhéanamh ar roghanna agus treoirthionscadail a chur chun cinn chun an bealach a réiteach le haghaidh tograí a bheidh ann amach anseo. Agus Cód Víosaí an Aontais Eorpaigh á athbhreithniú acu in 2019, chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl go sainráite gurb é an aidhm atá ann réiteach comhchoiteann a fhorbairt amach anseo ionas go bhféadfaí iarratais ar víosaí Schengen a dhéanamh ar líne, agus, ar an gcaoi sin, leas iomlán a bhaint as forbairtí dlíthiúla agus teicneolaíocha a rinneadh le déanaí⁴³.
- (2) Tá an tionscnamh i gcomhréir le cur chuige ginearálta an Aontais chun nuachóiriú agus digitíú na seirbhísí poiblí a spreagadh agus leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití*⁴⁴. Ó tháinig Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

⁴³ Aithris 20 de Rialachán (AE) 2019/1155

⁴⁴ COM(2021) 118 final, Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach

gComhairle⁴⁵ i bhfeidhm in 2010 agus ó cuireadh tús le hoibríochtaí an Chórais Faisnéise Víosaí (VIS) in 2011 faoi Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶, tá athrú suntasach tagtha ar chomhthéacs an bheartais víosaí de dheasca na ndúshlán imirce agus slándála atá ann le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, le forbairtí suntasacha teicneolaíochta, cuirtear deiseanna nua ar fáil chun próiseas an iarratais ar víosa Schengen a dhéanamh níos rianúla agus níos éifeachtaí do náisiúnaigh tríú tír agus d'údaráis na mBallstát.

- (3) Le paindéim COVID-19 tháinig moill ar oibríochtaí víosaí Schengen ar fud an domhain mar gheall ar a dheacra a bhí sé glacadh le hiarratais ar víosaí i gconsalachtaí agus in ionaid iarratais ar víosaí, agus ba rud é sin a spreag na Ballstáit chun iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur leis an obair ar dhigitiú na nósanna imeachta maidir le víosaí.
- (4) Sa Chomhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a mhol an Coimisiún an 23 Meán Fómhair 2020, leagadh síos an cuspóir digitiú iomlán a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le víosaí faoi 2025, agus víosa digiteach agus an cumas iarratais ar víosaí a dhéanamh ar líne.
- (5) Cé go bhfuil próiseáil víosaí digitithe go páirteach cheana féin, agus iarratais agus cinntí taifeadta in VIS, tá dhá chéim thábhachtacha ann atá bunaithe ar pháipéar go fóill: próiseas an iarratais ar víosa agus eisiúint an víosa don iarratasóir trí bhíthin greamáin víosa. Cruthaíonn sé sin ualach do na pháirtithe leasmhara uile, go háirithe d'údaráis na mBallstát a eisiúint víosaí agus d'iarratasóirí ar víosaí. Tá na Ballstáit ar an eolas faoin méid sin agus tá réitigh dhigiteacha curtha chun feidhme ag cuid acu cheana chun nós imeachta iarratais atá nua-aimseartha agus áisiúil don úsáideoir a chur ar fáil d'iarratasóirí agus chun feabhas a chur ar a éifeachtúlacht atá sé iarratais ar víosaí a láimhseáil.
- (6) Ba cheart iarratasóirí ar víosaí a bheith in ann iarratas ar víosa a dhéanamh ar líne trí ardán aonair de chuid an Aontais, beag beann ar an mBallstát cinn scríbe. Ba cheart a chinneadh go huathoibríoch leis an uirlis sin cén Ballstát atá inniúil chun iarratas a scrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir cuairt a thabhairt ar roinnt Ballstát. An t-aon rud a bheidh le seiceáil ag na Ballstáit ná an bhfuil an Ballstát inniúil ceart aimsithe ag an uirlis.
- (7) Ba cheart d'ardán ar líne an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí faisnéis atá cothrom le dáta a chur ar fáil don iarratasóir maidir le víosaí gearrfhanachta Schengen mar aon le huirlis threorach lenar féidir leis an iarratasóir teacht ar an bhfaisnéis ar fad is gá maidir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta, amhail an bhfuil víosa ag teastáil agus cén cineál víosa atá i gceist, ach gan a bheith teoranta dóibh; méid na táille víosa; an Ballstát a bheidh inniúil ar an iarratas a láimhseáil; na doiciméid tacaíochta is gá; an gá le coinne chun sonraí bithmhéadracha a bhailiú nó an fhéidearthacht iarratas a dhéanamh ar líne gan coinne a dhéanamh. Ina theannta sin, le hardán an Aontais maidir le hiarratais ba cheart go mbeifí in ann cumarsáid leictreonach shlán a bhunú

⁴⁵ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

⁴⁶ Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

idir an t-iarratasóir agus consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil trí mheán leictreonach, i gcás ina mbeadh gá le doiciméid bhreise nó le hagallamh.

- (8) Ba cheart d'iarratasóirí ar víosa a bheith in ann a n-iarratas a chur isteach, na sonraí a cheanglaítear a thabhairt san fhoirm iarratais a chur ar fáil, cóip scanta den doiciméad taistil a chur ar fáil, agus doiciméid tacaíochta agus árachas liachta taistil a chur ar fáil i bhformáid dhigiteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais. Ionas go mbeidh iarratasóirí in ann faisnéis a bhaineann lena n-iarratas a shábháil, ba cheart an t-ardán ar líne maidir le hiarratais ar víosaí a bheith in ann sonraí a stóráil ar bhonn sealadach. Nuair a bheidh an t-iarratas ar líne curtha isteach ag an iarratasóir agus na seiceálacha iomchuí déanta ag na Ballstáit, aistrefar an comhad iarratais chuig córas náisiúnta an Bhallstáit inniúil agus stórálfar ann é. D'fhéadfadh consalachtaí an fhaisnéis atá stóráilte ar an leibhéal náisiúnta a cheadú agus ní bhrúdh siad ach na sonraí is gá chuig lárchóras VIS.
- (9) I bprionsabal, níor cheart go mbeadh sé éigeantach cuairt a thabhairt ar chonsalacht ná ar sholáthraí seirbhíse seachtrach ach amháin i gcás iarratasóirí céaduaire agus iarratasóir a bhfuil doiciméad taistil nua acu, ar doiciméad é is gá a fhíorú, agus chun aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú.
- (10) Ba cheart d'ath-iarratasóirí a bheith in ann iarratas a dhéanamh go hiomlán ar líne laistigh de thréimhse 59 mí tar éis dóibh an chéad iarratas rathúil a dhéanamh, ar choinníoll go ndéanann siad an t-iarratas leis an doiciméad taistil céanna. A luaithe a bheidh an tréimhse ama sin caite, ba cheart sonraí bithmhéadracha a bhailiú arís, dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, faoina mbaileofar sonraí bithmhéadracha gach 59 mí ag tosú ó dháta an chéad bhailiúcháin.
- (11) Tá feidhm ag forálacha sonracha maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglais víosa, ar baill teaghlaigh iad le saoránaigh de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁷ maidir leo, nó ar baill teaghlaigh iad le náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach le ceart shaoránaigh de chuid an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar lámh amháin, agus tríú tír, ar an lámh eile, agus nach bhfuil cárta cónaithe acu de bhun Threoir 2004/38/AE, nó le náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe ar tairbhíthe iad den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach⁴⁸ (An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe) maidir lena stát óstach, ach nach bhfuil doiciméad cónaithe acu a bhaineann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.
- (12) Sonraítear in Airteagal 21(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbeidh an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríocha na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí agus sna bearta a glacadh lena gcur chun feidhme. Tá na

⁴⁷ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus baill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

⁴⁸ Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

teorainneacha agus na coinníollacha sonraithe i dTreoir 2004/38/CE. Faoi mar a dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheart ag baill teaghlaigh dá dtagraítear faoi aithris 11 ní amháin chun dul isteach i gcríoch an Bhallstáit, ach tá sé de cheart acu víosa iontrála a fháil chun na críche sin. Ní mór do na Ballstáit gach saoráid a dheonú do na daoine sin chun na víosaí riachtanacha a fháil, víosaí nach mór a eisiúint saor in aisce a luaithe is féidir agus ar bhonn nós imeachta brostaithe agus aird chuí á tabhairt ar na coimircí nós imeachta a bhfuil feidhm acu maidir leo. Ina fhianaise sin, go háirithe, ba cheart na baill teaghlaigh sin a bheith i dteideal na nithe seo a leanas a thaisceadh: a n-iarratas ar víosa, a n-iarratas ar dheimhniú a fháil maidir le víosa bailí i ndoiciméad taistil nua nó a n-iarratas ar shíneadh a chur lena víosa gan ardán an Aontais maidir le hiarratais a úsáid, mar go bhféadfadh sin a n-iarratas ar víosa a éascú. I gcás den sórt sin, ba cheart go mbeidís i dteideal rogha a dhéanamh a n-iarratais a thaisceadh go pearsanta ag an gconsalacht nó ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha. Ina theannta sin, ba cheart a chur san áireamh go hiomlán in ardán ar líne an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí na cearta agus na héascuithe a thugtar do thairbhíthe *acquis* na saorghluaiseachta. Is amhlaidh atá maidir le baill teaghlaigh náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i ndáil lena Stát óstach, de bhua Airteagal 14(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

- (13) Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha speisialta i gcásanna aonair mar gheall ar chúiseanna daonnúla nó i gcás Cinn Stáit nó rialtais agus comhaltaí de rialtais náisiúnta agus na céilí a bheidh á dtionlacan, agus baill dá dtoscaireacht oifigiúil nuair a thabharfaidh rialtais Ballstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta cuireadh dóibh chun críche oifigiúla, agus flatha agus daoine sinsearacha eile de theaghlach ríoga, nuair a thabharfaidh rialtais Bhallstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta cuireadh dóibh chun críche oifigiúla.
- (14) Na forálacha speisialta ar cheart feidhm a bheith acu i gcásanna aonair mar gheall ar chúiseanna daonnúla, ba cheart go gcumhdódh siad saincheisteanna maidir le hinrochtaineacht dhigiteach
- (15) Tríú páirtí atá údaraithe ag an iarratasóir ar víosa nó a dtugtar cumhacht dó le dlí ionadaíocht a dhéanamh air, ba cheart don pháirtí sin a bheith in ann iarratas a chur isteach thar a cheann, ar choinníoll go n-áireofar céannacht an duine sin san fhoirm iarratais. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag taistealaithe údarú a thabhairt d'idirghabhálaithe tráchtála iarratas a chruthú agus a chur isteach thar a gceann.
- (16) Ba cheart do gach iarratasóir foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach trí úsáid a baint as ardán an Aontais maidir le hiarratais, lena n-áirítear dearbhú i ndáil le barántúlacht, iomláine, cruinneas agus iontaofacht na sonraí arna gcur isteach agus dearbhú i ndáil le fírinneacht agus iontaofacht na ráiteas arna ndéanamh. Ba cheart do gach iarratasóir a chur in iúl freisin go dtuigeann sé na coinníollacha maidir le dul isteach dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹ agus go bhféadfaí iarraidh air na doiciméid tacaíochta ábhartha a chur ar fáil tráth gach dul isteach. Ba cheart foirmeacha iarratais maidir le mionaóisigh a

⁴⁹ Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 lena mbunaítear Cód Aontais maidir leis na rialacha lena rialáítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)

bheith curtha isteach agus ríomhshínithe ag duine a fheidhmíonn údarás tuismitheora buan nó sealadach nó caomhnóireacht dhleathach.

- (17)] Ba cheart an táille víosa a íoc trí úsáid a bhaint as tairseach tríú páirtí atá nasctha leis an ardán ar líne maidir le hiarratais víosaí agus d'aistreofaí na híocaíochtaí go díreach chuig an mBallstát iomchuí. Níor cheart na sonraí is gá chun an íocaíocht leictreonach a dhéanamh a bheith mar chuid de na sonraí a stóráiltear in VIS.
- (18) Ina theannta sin, beidh an uirlis coinní ar ardán an Aontais maidir le hiarratais freisin, uirlis a fhéadfaidh an Ballstát a úsáid chun coinní a bhainistiú ag a gconsalachtaí nó ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha. Cé gur cheart úsáid na huirlise sin a bheith roghnach i gcónaí, toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh sé iomchuí i ngach suíomh agus i gcás na gconsalachtaí uile, ba cheart do na Ballstáit, mar sin féin, leas a bhaint as comhar áitiúil Schengen chun plé a dhéanamh féachaint an féidir cur chuige comhchuibhithe maidir le húsáid na huirlise coinní a leanúint i dtríú tíortha sonracha nó in áiteanna sonracha.
- (19) Ba cheart don chóras fógra a thabhairt don iarratasóir má tá faisnéis in easnamh agus ba cheart don chóras deis a thabhairt don iarratasóir an t-iarratas a cheartú. Ba cheart d'ardán an Aontais maidir le hiarratais a léiriú don iarratasóir go bhfuil a iarratas inghlactha trí réamhsheiceáil uathoibrithe ar inghlacthacht. Ba cheart a áirithiú leis an réamhsheiceáil go gcomhlíonann an fhaisnéis a chuirtear ar fáil na ceanglais inghlacthachta le haghaidh na víosa a iarradh.
- (20) I gcás ina gcinnfidh consalacht inniúil nó údarás lárnacha an Bhallstáit inniúil go bhfuil sé nó sí freagrach as an iarratas a scrúdú, ba cheart dó nó di glacadh leis agus ba cheart na sonraí ón stóráil shealadach a iontráil sa chóras náisiúnta mar a bhunaítear le Rialachán VIS agus ba cheart na sonraí sin a scriosadh ón stóráil shealadach cé is moite de shonraí teagmhála.
- (21) Ba cheart fógra a thabhairt do na hiarratasóirí, trí mheán leictreonach, maidir leis an gcinneadh a rinne an Ballstát inniúil maidir lena n-iarratas, fógra ina léirítear cé acu a rinneadh an víosa eisiúint; a dhiúltú; a dheimhniú ar dhoiciméad taistil nua; a shíneadh; a neamhniú nó a chúlghairm, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
- (22) Chun na rioscaí slándála a bhaineann le greamáin víosa ghóchumtha agus ghoidte a laghdú, ba cheart víosa a eisiúint i bhformáid dhigiteach seachas mar ghreamán víosa a ghreamaítear den doiciméad taistil.
- (23) Chun an oiread slándála agus is féidir a áirithiú agus chun góchumadh nó brionnú a chosc, ba cheart fógra maidir le víosa dhigiteach a bheith i bhfoirm barrachód 2D, sínithe go cripteagrafach ag Údarás Deimhniúcháin na Tíre Sínithe (CSCA) de chuid an Bhallstáit eisiúna. I gcás nach bhfuil VIS ar fáil nó nach féidir rochtain a fháil air, bhraithfeadh seiceálacha ar bharrachód 2D ón údarás sínithe.
- (24) Sa chás go gcailltear doiciméad taistil an tsealbhóra víosa, nó go ngoidtear é nó go dtéann a bhailíocht in éag agus go bhfuil an víosa fós bailí, d'fhéadfadh an sealbhóir víosa iarratas a dhéanamh trí ardán an Aontais maidir le hiarratais ar dheimhniú na víosa i ndoiciméad taistil nua ar choinníoll gur doiciméad taistil den chineál céanna é agus gur eisíodh é ag an tír chéanna leis an doiciméad taistil a cailleadh, a goideadh nó a chuaigh in éag. Ba cheart don sealbhóir víosa cuairt a thabhairt ar an gconsalacht nó ar an soláthraí seirbhíse seachtrach chun an doiciméad taistil nua a thaispeáint ar mhaithe le barántúlacht an doiciméid taistil nua a fhíorú.

- (25) Ba cheart na sonraí a stóráiltear in ardán an Aontais maidir le hiarratais a chosaint trí úsáid a bhaint as bearta cur chun feidhme cosanta príobháideachais.
- (26) Níor cheart rochtain a bheith ag soláthraithe seirbhíse seachtracha ar ardán an Aontais maidir le hiarratais ach amháin chun iarratais a cuireadh isteach a aisghabháil agus a athbhreithniú; na sonraí atá stóráilte ar bhonn sealadach a fhíorú (cóip scanta den doiciméad taistil, mar shampla); aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú agus a uaslódáil; seiceálacha cáilíochta a dhéanamh ar na doiciméid tacaíochta a uaslódáil; a dheimhniú go ndearnadh athbhreithniú ar iarratas agus, ar an gcaoi sin, é a chur ar fáil don chonsalacht lena phróiseáil a thuilleadh; níor cheart rochtain a bheith ag soláthraithe seirbhíse seachtracha ar shonraí a stóráiltear in VIS.
- (27) Is gá an dáta óna dtosóidh oibríochtaí a chinneadh, lena n-áirítear an víosa dhigiteach agus ardán an Aontais maidir le hiarratais. Féadfaidh Ballstát a chinneadh, ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta a chuirfear tús leis na hoibríochtaí, gan leas a bhaint as ardán ar líne an Aontais maidir le hiarratais. Mar sin féin, féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt gur mian leis páirt a ghlacadh in ardán ar líne an Aontais maidir le hiarratais roimh dheireadh na hidirthréimhse. Le linn na hidirthréimhse, má chinneann an Ballstát atá ag próiseáil na n-iarratas ar víosaí gan leas a bhaint as ardán ar líne an Aontais maidir le hiarratais, beidh sealbhóirí víosaí fós in ann na víosaí digiteacha a fhíorú trí úsáid a bhaint as seirbhís gréasáin ardán an Aontais maidir le hiarratais.
- (28) Ba cheart feidhmiúlacht a bheith ag ardán an Aontais maidir le hiarratais le go bhfeadfaidh iarratasóirí a víosaí digiteacha a fhíorú.
- (29) Maidir leis na Ballstáit nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine, agus dá bhrí sin nach bhfuil rochtain acu ar VIS chun iarratais ar víosaí a iontráil agus víosaí digiteacha a stóráil, ba cheart dóibh leanúint de víosaí a eisiúint i bhfoirm aonfhoirmeach (greamán).
- (30) Chun cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 565/2014/AE a chumasú, ba cheart rochtain inléite amháin a bheith ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin ar víosaí digiteacha a stóráiltear in VIS.
- (31) Ba cheart Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) a bheith freagrach as forbairt theicniúil agus bainistiú oibríochtúil ardán an Aontais maidir le hiarratais agus a chomhpháirteanna, mar chuid de VIS.
- (32) Le hailtireacht chórais ardán an Aontais maidir le hiarratais, ba cheart athúsáid a bhaint a mhéid is féidir as na córais atá ann cheana agus atá ar na bacáin agus atá mar chuid den chreat nua maidir le hidir-inoibritheacht, agus go háirithe an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus an Córas Dul Isteach/Imeachta (EES), agus na teorainneacha teicneolaíochta atá ann faoi láthair agus na hinfheistíochtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit ina gcórais náisiúnta féin á n-urramú ag an am céanna.
- (33) Ba cheart go mbraithfeadh seiceáil víosaí digiteacha ag an teorainn ar ailtireacht chórais an Aontais atá ann cheana agus atá ar na bacáin le haghaidh bainistiú teorainneacha agus ba cheart faisnéis an tsealbhóra víosa a bheith in VIS. Ba cheart d'údarais na mBallstát an fhaisnéis sin a fhíorú le sonraí bithmhéadracha.

- (34) An fhormaid le haghaidh víosaí gearrfhanachta, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle⁵⁰ í, úsáidtear í freisin le haghaidh víosaí fadfhanachta. Dá bhrí sin, ba cheart an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme⁵¹ a leasú ionas go bhféadfar víosaí fadfhanachta a eisiúint i bhformáid dhigiteach freisin.
- (35) Ós rud é go bhféadadh tabhairt isteach víosaí digiteacha nach gá na greamáin víosa fhisiciúla a ghreamú, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 ón gComhairle⁵² lena leagtar síos an fhormaid aonfhoirmeach le haghaidh foirmeacha chun víosa a ghreamú arna eisiúint ag na Ballstáit chuig daoine a bhfuil doiciméid taistil ina seilbh acu nach n-aithníonn an Ballstát, ba cheart an Rialachán sin a mhodhnú dá réir sin.
- (36) Is doiciméid iad Doiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméid Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) a bhfuil luach na víosaí idirthurais acu lena n-údaráítear dá sealbhóirí dul trí chríocha na mBallstát i gcomhréir le forálacha *acquis* Schengen a bhaineann le teorainneacha seachtracha a thrasnú. Eisítear Doiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméid Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) i bhformáidí aonfhoirmeacha agus is ar pháipéar atá an nós imeachta iarratais. Chun forbairtí maidir le digitíú a léiriú, agus Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle⁵³ agus Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle⁵⁴, ba cheart iad a leasú chun gur féidir iad a eisiúint i bhformáid dhigiteach, mar aon leis na hiarratais digiteacha.
- (37) Chun a áirithiú go gcuireann an fhoirm iarratais agus na foirmeacha diúltaithe san áireamh an fhéidearthacht gur chuir iarratasóir ar víosa a iarratas isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais nó gur chuir sé isteach ar bhealach eile é, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar an liosta faisnéise ba cheart a bheith in ardán an Aontais maidir le hiarratais agus na foirmeacha agus formáidí caighdeánacha iomchuí a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁵⁵. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a

⁵⁰ Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1).

⁵¹ An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).

⁵² Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 maidir le formáid aonfhoirmeach le haghaidh foirmeacha chun an víosa a ghreamú arna heisiúint ag na Ballstáit chuig daoine a bhfuil doiciméid taistil ina seilbh acu nach n-aithníonn an Ballstát atá ag tarraingt suas an fhoirm (IO L 53, 23.2.2002, lch. 4).

⁵³ Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 lena mbunaítear Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) sonrach, Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) agus lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus an Lámhleabhar Coiteann (IO L 99, 17.4.2003, lch. 8).

⁵⁴ Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le formáidí aonfhoirmeacha le haghaidh Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 (IO L 99, 17.4.2003, lch. 15).

⁵⁵ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

- (38) Ós rud é go ndéanann cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon, bunú an ardáin Eorpaigh um iarratais ar víosaí ar líne agus tabhairt isteach víosa dhigitigh, forbairt ar thionscnaimh eile arb é is aidhm dóibh, ar thaobh amháin, na nósanna imeachta i gcomhthéacs an chomhbheartais víosaí a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú agus, ar an taobh eile, na nósanna imeachta maidir le taisteal, coinníollacha a rialaíonn dul isteach sa chríoch agus seiceálacha teorann laistigh de Limistéar Schengen a ailíniú leis an ré dhigiteach nua, níl leasuithe ar an reachtaíocht ghaolmhar indéanta ach ar leibhéal an Aontais agus is cuid de *acquis* Schengen iad. Féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (39) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE agus do Chuid a Dó de Chomhaontú um Tharraingt Siar an Aontais Eorpaigh agus na Ríochta Aontaithe.
- (40) Urramaíonn an Rialachán seo cearta bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear go sainráite le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, trí ardán an Aontais maidir le hiarratais agus víosa dhigiteach a thabhairt isteach, urramófar go hiomlán an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, an ceart go n-urramófar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, cearta an linbh, agus cosaint daoine leochaileacha. Beidh feidhm iomlán i gcónaí ag gach coimirce maidir le cearta bunúsacha a áirítear sa Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí i gcomhthéacs an ardáin iarratais víosaí de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo agus na víosa digití, go háirithe maidir le cearta an linbh. Ní mór na ceanglais a leagtar síos sa Treoir maidir le hInrochtaineacht⁵⁶ a chur san áireamh san ardán chun rochtain éasca a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas.
- (41) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótocal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.
- (42) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu⁵⁷; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (43) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag

⁵⁶ Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

⁵⁷ Ní thagann an Rialachán seo faoi raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a ⁵⁸ thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle⁵⁹.

- (44) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad ⁶⁰ a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle.⁶¹
- (45) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad ⁶² a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle⁶³.
- (46) Is é atá sa Rialachán seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.
- (47) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ⁶⁴ agus thug sé tuairim uaidh an [XX]⁶⁵.

⁵⁸ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁵⁹ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁶⁰ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁶¹ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

⁶² IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁶³ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

⁶⁴ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39-98)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1 *Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 810/2009*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1(2) cuirtear an pointe (c) seo a leanas leis:

‘(c) na cearta cónaithe atá ag náisiúnaigh tríú tír sa Stát óstach ar baill iad de theaghlach náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad féin den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach* (‘Comhaontú um Tharraingt Siar AE-RA’).

* Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).’;

- (2) in Airteagal 2, cuirtear isteach na pointí 10a agus 10b seo a leanas:

‘10a. ciallaíonn ‘foirm iarratais’ an fhoirm aonfhoirmeach a leagtar amach in Iarscríbhinn I, bíodh sí ar fáil ar líne trí ardán an Aontais maidir le hiarratais nó i bhformáid pháipéir;

10b. ciallaíonn ‘víosa dhigiteach’ víosaí a eisítear i bhformáid dhigiteach mar thaifead in VIS;’;

- (3) in Airteagal 3(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

‘(d) baill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), agus baill teaghlaigh náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad féin de Chomhaontú um Tharraingt Siar AE-RA dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (c);’;

- (4) in Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b):

‘(b) má chuimsíonn an chuairt níos mó ná ceann scríbe amháin, nó má tá roinnt cuairteanna ar leith le déanamh laistigh de thréimhse 2 mhí, an Ballstát arb ionann a chríoch agus príomhcheann scríbe na cuairte nó na gcuariteanna maidir le fad, arna chomhaireamh i laethanta, nó le cuspóir an fhanachta;’;

- (5) in Airteagal 8, cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas:

‘4 a. Déanfar socruithe maidir le hionadaíocht dhéthaobhach a thaispeáint ar ardán an Aontais maidir le hiarratais dá dtagraítear i gCaibidil Ia de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’;

- (6) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

- (a) cuirtear na míreanna 1a agus 1b seo a leanas isteach:

‘1 a. Déanfaidh iarratasóirí iarratas a thaisceadh trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, dá dtagraítear i gCaibidil Ia de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

⁶⁵ [IO C ...].

1b. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na catagóirí daoine seo a leanas iarratas a thaisceadh gan ardán an Aontais maidir le hiarratais a úsáid:

- (a) náisiúnaigh tríú tír i gcásanna ar leith ar chúiseanna daonnachtúla;
- (b) ceannairí Stáit nó rialtais agus comhaltaí de rialtas náisiúnta leis na céilí a bheidh á dtionlacan, agus comhaltaí dá dtoscaireachtaí oifigiúla nuair a thabharfaidh rialtais Bhallstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta cuireadh dóibh chun críche oifigiúla, ceannasaithe agus daoine sinsearach eile de theaghlach ríoga, nuair a thabharfaidh rialtais Ballstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta cuireadh dóibh chun críche oifigiúla;
- (c) náisiúnaigh tríú tír a n-eisítear víosaí dóibh ag an teorainn sheachtrach i gcomhréir le Caibidil VI.’;

(b) i mír 4, cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

‘(d) ag duine eile nuair a thaisctear é trí ardán an Aontais maidir le hiarratais .’

(7) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Agus iarratas á thaisceadh acu, beidh iarratasóirí i láthair go pearsanta, i gcás ina gceanglaítear sin i gcomhréir le hAirteagal 13, chun a méarloirg agus a n-íomhá aghaidhe a chur ar fáil. Beidh iarratasóirí i láthair go pearsanta freisin chun a ndoiciméad taistil a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 12.’;

(b) cuirtear na míreanna 1a agus 1b seo a leanas isteach:

‘1 a. Féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcásanna ar leith, a cheangal ar an iarratasóir doiciméad taistil a chur i láthair agus/nó doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Beifear in ann é sin a dhéanamh i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna ina dtarlaíonn ard-ráta doiciméad calaoiseach in áit ar leith.

1b. Déanfaidh consalachtaí, laistigh de chomhar áitiúil Schengen, measúnú ar chur chun feidhme na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1d, chun imthosca áitiúla a chur san áireamh.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas, agus an t-iarratas á thaisceadh aige:

- (a) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11 a chur ar fáil;
- (b) cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil an doiciméad taistil ina sheilbh aige i gcomhréir le hAirteagal 12;
- (c) cead a thabhairt íomhá dá aghaidh nó dá haghaidh a ghlacadh beo i gcomhréir le hAirteagal 13 nó, i gcás ina mbeidh feidhm ag na díolúintí dá dtagraítear in Airteagal 13(7a), grianghraf a thaispeáint i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1683/95;
- (d) bailiú a mhéarlorg nó a méarlorg a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 13, i gcás inarb infheidhme;
- (e) an táille víosa a íoc i gcomhréir le hAirteagal 16;
- (f) cruthúnas a chur ar fáil maidir leis na doiciméid tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 14;

(g) más infheidhme, tabharfaidh an t-iarratasóir cruthúnas go bhfuil árachas liachta taistil leordhóthanach bailí aige i gcomhréir le hAirteagal 15.’

(8) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfear an fhoirm iarratais isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais. I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 9(1b), féadfaidh na hiarratasóirí foirm iarratais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus í comhlánaithe de láimh nó go leictreonach, a chur isteach.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 51a chun an fhoirm iarratais a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó a chuirtear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais a thabhairt cothrom le dáta.

Ní mór an fhoirm iarratais a shíniú. Féadfar é a shíniú go leictreonach. Cuirfidh daoine a áirítear i ndoiciméad taistil an iarratasóra foirm iarratais ar leithligh isteach. Cuirfidh mionaóisigh isteach foirm iarratais a bheidh sínithe ag duine a fheidhmíonn údarás tuismitheora buan nó sealadach nó caomhnóireacht dhleathach.

(b) scriostar mír 1b;

(c) cuirtear an mhír 1c seo a leanas isteach:

‘1c. Cuirfidh gach iarratasóir isteach foirm iarratais chomhlánaithe lena n-áirítear dearbhú i ndáil le barántúlacht, iomláine, cruinneas agus iontaofacht na sonraí arna gcur isteach agus dearbhú i ndáil le fírinneacht agus iontaofacht na ráiteas arna ndéanamh. Cuirfidh gach iarratasóir in iúl freisin go dtuigeann sé na coinníollacha a rialaíonn dul isteach sa chríoch dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399 agus go bhféadfar iarraidh air nó uirthi na doiciméid tacaíochta ábhartha a chur ar fáil ag gach dul isteach.’;

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*‘Airteagal 12
Doiciméad taistil*

1. Cuirfidh an t-iarratasóir cruthúnas ar fáil go bhfuil doiciméad bailí taistil aige a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) mairfidh a bhailíocht trí mhí ar a laghad tar éis an dáta imeachta atá beartaithe ó chríoch na mBallstát nó, i gcás roinnt cuairteanna éagsúla, tar éis an dáta imeachta deiridh atá beartaithe ó chríoch na mBallstát. Ar a shon sin, féadfar an oibleagáid seo a tharscaoileadh i gcásanna éigeandála a mbeidh bonn cirt leo;

(b) beidh sé arna eisiúint laistigh de na deich mbliana roimhe sin.

2. Ní cheanglófar ar an iarratasóir an doiciméad taistil a chur i láthair go pearsanta i gcás an chéad iarratais leis an doiciméad taistil sin, nó más gá don iarratasóir bithmhéadracht a chur ar fáil.

Ní dhéanfaidh an chéad fhomhír difear do chur i bhfeidhm Airteagal 10(1a).

3. Seiceálfar na doiciméid taistil trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht iomchuí.

4. I gcás ina gcuirfear isteach an t-iarratas trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, fíoróidh an chonsalacht nó an soláthraí seirbhíse seachtrach go bhfuil an doiciméad

taistil atá á chur isteach, a thaispeántar go pearsanta i gcomhréir le mír 2, ag freagairt don chóip scanta a d'uaslódáil an t-iarratasóir.

Más é an soláthraí seirbhíse seachtrach a dhéanfaidh an fíorú, bainfidh an soláthraí seirbhíse seachtrach úsáid as an tairseach le haghaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 7e Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

5. I gcás nach bhfuil cáilíocht na cóipe scanta dá dtagraítear i mír 4 sásúil nó i gcás ina bhfuil amhras ann, go háirithe maidir le barántúlacht, déanfaidh an chonsalacht inniúil nó an soláthraí seirbhíse seachtrach scanadh nua agus uaslódáil sé é chuig ardán an Aontais maidir le hiarratais.’;
- (10) in Airteagal 13, cuirtear an mhír 7c seo a leanas leis:

‘7c. I gcás inarb é soláthraí seirbhíse seachtrach a bhailíonn na haitheantóirí bithmhéadracha i gcomhréir le hAirteagal 43, úsáidfear an tairseach le haghaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 7e de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 chun na críche sin.’;
- (11) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:
 - (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal réamhráiteach:

‘Agus iarratas á dhéanamh ar víosa aonfhoirmeach, cuirfidh an t-iarratasóir cruthúnas ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas.’;
 - (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal réamhráiteach:

‘Agus iarratas á dhéanamh ar víosa idirthurais aerfoirt, cuirfidh an t-iarratasóir cruthúnas ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:
- (12) in Airteagal 15(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Chomh maith leis sin, dearbhóidh na hiarratasóirí sin, mar chuid den fhoirm iarratais go bhfuil a fhios acu gur gá árachas liachta taistil a bheith acu le haghaidh cuairteanna ina dhiaidh sin.’;
- (13) in Airteagal 16(7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, muirearófar an táille víosa in euro agus ní bheidh sí inaisíoctha ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 18(2) agus in Airteagal 19(3). ‘;

I gcás iarratais nár cuireadh isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, nuair a mhuirearófar méid na táille víosa in airgeadra eile seachas an euro, déanfar méid na táille víosa a mhuirearófar san airgeadra sin a shocrú agus a athbheithniú go tráthrialta i bhfeidhmiú an ráta tagartha malairte coigríche euro arna leagan síos ag an mBanc Ceannais Eorpach. Féadfar an méid a mhuirearaítear a shlánú suas agus áiritheofar go muirearófar táillí comhchosúla faoi chomhar áitiúil Schengen.’;
- (14) in Airteagal 18, cuirtear isteach na míreanna 3 agus 4 seo a leanas:

‘3. I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, tar éis fógra a fháil ó ardán an Aontais maidir le hiarratais i ndáil le huathinniúlacht agus réamhsheiceáil de bhun Airteagal 7c(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, fíoróidh consalacht nó údaráis lárnacha an Bhallstáit a dtugann an córas fógra dóibh an bhfuil siad inniúil chun é a scrúdú agus chun cinneadh a dhéanamh ina leith.

4. I gcásanna dá dtagraítear i mír 3, má chinneann an Ballstát nach bhfuil sé inniúil, tabharfaidh sé fógra don iarratasóir, gan mhoill, trí úsáid a bhaint as an tseirbhís

cuntais shláin ar ardán an Aontais maidir le hiarratais, ina léirítear cén Ballstát atá inniúil.

Féadfaidh an t-iarratasóir an t-iarratas a tharraingt siar. Má dhéantar an t-iarratas a tharraingt siar, déanfar sonraí iarratais a scriosadh ó stóráil shealadach, de bhun Airteagal 7c de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008’;

(15) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1 a. I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, tar éis fógra a fháil ó ardán an Aontais maidir le hiarratais i ndáil le réamhsheiceáil uathoibríthe de bhun Airteagal 7c(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, lena léirítear go bhfuil an t-iarratas inghlactha, déanfaidh consalacht nó údaráis lárnacha an Bhallstáit ar thug an córas fógra dóibh na seiceálacha i mír 1 gan mhoill.’;

(b) cuirtear an mhír 2b seo a leanas isteach:

‘2b. I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, i gcás ina gcinneadh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, beidh an t-iarratas inghlactha agus glacfaidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil leis an iarratas.’;

(c) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

‘4 a. I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, beidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil in ann glacadh le hiarratas nár taisceadh laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 9(1), go háirithe i gcásanna práinne a bhfuil bonn cirt leo dá dtagraítear in Airteagal 9(3).’;

(16) Scriostar Airteagal 20;

(17) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a)

‘(a) nach bhfuil an doiciméad a cuireadh ar fáil nó a cuireadh i láthair bréagach, góchumtha nó brionnaithe,

(b) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a)

‘(a) nach bhfuil an doiciméad a cuireadh ar fáil nó a cuireadh i láthair bréagach, góchumtha nó brionnaithe,

(18) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) i mír 1, an tríú fomhír, cuirtear tagairt do ‘Airteagal 12(1), pointe (a)’ in ionad na tagartha do ‘phointe (a) d’Airteagal 12’;

(b) i mír 2, an chéad fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal réamhráiteach:

‘Ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a rialaíonn dul isteach sa chríoch a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (a), (c), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2016/399, eiseofar víosaí il-iontrála a bhfuil bailíocht fhada acu le haghaidh na dtréimhsí bailíochta seo a leanas:’;

(c) cuirtear an mhír 2aa seo a leanas isteach:

‘2aa. Ní chuirfidh bailíocht an doiciméid taistil srian ar bhailíocht na víosaí il-iontrála a bhfuil tréimhsí fada bailíochta acu’;

(19) in Airteagal 25, cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

‘6. Ní dhéanfaidh eisiúint víosa i bhformáid dhigiteach difear d’inniúlacht na mBallstát i ndáil le haitheantas doiciméad taistil. Áirítear leis sin na doiciméid taistil sin nach dtugann Ballstát amháin nó níos mó aitheantas dóibh, ach nach dtugann na Ballstáit uile aitheantas dóibh.’;

(20) cuirtear Airteagal 26a isteach mar a leanas:

*‘Airteagal 26a
Víosaí digiteacha*

Eiseofar víosaí i bhformáid dhigiteach mar thaifead in VIS, lena n-áireofar uimhir víosa uathúil.’;

(21) Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás iarratais a chuirfear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, is trí mheán leictreonach slán i gcomhréir le hAirteagal 7f(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 a thabharfar fógra don iarratasóir faoi fhaisnéis maidir le cinntí faoi dhiúltú agus na cúiseanna ar a bhfuil an diúltú sin bunaithe. Beidh san fhógra an fhaisnéis chéanna a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, i dteanga an Bhallstáit a rinne an cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas agus i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais.

Féadfaidh na Ballstáit doiciméid bhreise a chur leis an bhfógra caighdeánach, d’fhonn bonn cirt an diúltaithe a léiriú.

I gcás iarratais nár cuireadh isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 9(1b), tabharfar fógra don iarratasóir faoi chinneadh faoi dhiúltú agus faoi na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe trí bhíthin na foirme caighdeánaí a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i dteanga an Bhallstáit a rinne an cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarratas agus i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 51a chun an fhoirm diúltaithe a leasú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI nó mar fhógra dá dtagraítear i gCaibidil Ia de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt:

‘Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil d’iarratasóirí maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás achomharc a bheith ann, mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI nó san fhógra maidir le diúltú a seoladh trí ardán an Aontais maidir le hiarratais’;

(22) cuirtear Airteagal 32a isteach mar a leanas:

*‘Airteagal 32a
Deimhniú ar víosa bhailí i ndoiciméad taistil nua*

1. Sealbhóirí víosa a bhfuil a ndoiciméad taistil cailte, goidte nó dulta in éag agus a bhfuil a víosa bailí fós, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar dheimhniú na víosa a i ndáil le doiciméad taistil nua.

2. Déanfaidh na sealbhóirí víosa dá dtagraítear i mír 1 iarratas ar dheimhniú na víosa i ndoiciméad taistil nua trí ardán an Aontais maidir le hiarratais dá dtagraítear i gCaibidil Ia de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Soláthróidh siad na sonraí pearsanta seo a leanas:
 - (a) ainm, sonraí breithe, náisiúntacht;
 - (b) uimhir na víosa;
 - (c) sonraí an doiciméid taistil atá cailte, goidte nó dultha in éag;
 - (d) sonraí an doiciméid taistil nua;
 - (e) scanadh den leathanach bithshonraí;
 - (f) cruthúnas gur cailleadh nó gur goideadh an doiciméad taistil nó go bhfuil sé dultha in éag.
3. Íocfaidh an sealbhóir víosa an táille deimhnithe víosa EUR 30.
4. Ceanglófar ar an sealbhóir víosa teacht i láthair go pearsanta chun an doiciméad taistil nua a chur i láthair chun a fhíorú go bhfuil an doiciméad taistil sin ag comhfhreagairt don chóip scanta a uaslódáladh trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, agus gurb ionann iompróir an doiciméid taistil sin agus an duine ar eisíodh víosa ina leith.
5. Comhlíonfaidh an doiciméad taistil nua na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 12.
6. I gcás ina gcinneadh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil gur féidir an víosa bhailí a dheimhniú i ndoiciméad taistil nua, iontrálfaidh a chonsalacht nó na húdaráis sin na sonraí sa chomhad iarratais in VIS de bhun Airteagal 12a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
7. Tabharfar fógra don iarratasóir go bhfuil víosa deimhnithe i ndoiciméad taistil nua trí mheán leictreonach slán i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
8. Mura féidir le consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil a chinneadh an féidir an víosa bhailí a dheimhniú i ndoiciméad taistil nua, go háirithe i ngeall ar amhras maidir le céannacht an tsealbhóra víosa, déanfaidh an chonsalacht nó na húdaráis sin an méid seo a leanas:
 - (a) an deimhniú a dhiúltú;
 - (b) an víosa bhailí a chúlghairm, i gcomhréir le hAirteagal 34.
9. Leis an nós imeachta maidir le víosa bhailí a dheimhniú i ndoiciméad taistil nua, ní chuirfear bac ar an sealbhóir víosa iarratas nua ar víosa a chur isteach.’;
- (23) Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Féadfaidh sealbhóirí víosa iarratas a dhéanamh ar shíneadh ar líne trí ardán an Aontais maidir le hiarratais. Soláthróidh siad sonraí pearsanta, uimhir na víosa agus an doiciméid taistil, uaslódálfaidh siad doiciméid tacaíochta a chruthaíonn *force majeure*, cúiseanna daonchairdiúla agus/nó cúiseanna pearsanta tromchúiseacha a chuireann cosc orthu críoch na mBallstát a fhágáil, agus íocfaidh siad an táille EUR 30 i gcás cúiseanna pearsanta tromchúiseacha dá dtagraítear i mír 2 amháin, agus sa chás sin amháin.’;

- (b) cuirtear mír 8 isteach mar a leanas:
- ‘8. Nuair a chuirfear síneadh le víosa de bhun mhíreanna 1 go 7 den Airteagal seo trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, cuirfear an síneadh in iúl don iarratasóir trí mheán leictreonach slán i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’;
- (24) Leasaítear Airteagal 34 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:
- ‘5. Má dhéantar víosa nár eisíodh i bhformáid dhigiteach a neamhniú nó a chúlghairm, greamófar stampa uirthi leis na focail ‘AR NEAMHNIÚ’ nó ‘ARNA CÚLGHAIRM’ agus déanfar neamhbhailíocht ar an ngné athraithe optúil den ghreamán víosa, ar an ngné slándála ‘éifeacht na híomhá folaigh’ chomh maith leis an téarma ‘víosa’ trína scríosadh amach.
6. Cinneadh maidir le neamhniú nó cúlghairm víosa agus na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe, eiseofar iad i bhformáid dhigiteach trí na sonraí a iontráil in VIS, de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, agus tabharfar fógra fúthu don iarratasóir trí mheán leictreonach slán i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 nó tríd an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn VI i gcás iarratais nár cuireadh isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais. Beidh san fhógra an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.’;
- (b) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú habairt:
- ‘Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil d’iarratasóirí maidir leis an nós imeachta a bheidh le leanúint i gcás achomharc a bheith ann, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI nó san fhógra a seoladh trí ardán an Aontais maidir le hiarratais’;
- (25) Leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:
- (a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- ‘2. I gcás na mBallstát nach n-eisíonn víosaí i bhformáid dhigiteach, beidh stóráil agus láimhseáil na ngreamán víosa faoi réir bearta slándála leordhóthanacha chun calaois nó cailleanas a sheachaint. Coimeádfaidh gach consalacht cuntas ar an stoc greamán víosaí atá aici agus cláróidh sí an chaoi ar úsáideadh gach greamán víosa. Déanfar aon chaillteanas suntasach de ghreamáin víosa fholmha a thuairisciú don Choimisiún.’;
- (b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:
- ‘Coimeádfaidh consalachtaí nó údarais lárnacha cartlanna d’iarratais i bhformáid leictreonach.’;
- (26) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1a:
- ‘Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh baill foirne easaoránacha faireachán ar an nós imeachta maidir le víosaí ina iomláine i gconsalachtaí, lena n-áirítear iarratais a thaisceadh agus a láimhseáil, agus an comhar praiticiúil le soláthraithe seirbhíse seachtracha, chun sláine gach céime den nós imeachta a áirithiú.’;
- (b) cuirtear mír 3c isteach mar a leanas:
- ‘3c. Cuirfidh údarais lárnacha na mBallstát oiliúint iomchuí ar fáil dá bhfoireann maidir le hardán an Aontais maidir le hiarratais.’;

- (27) Scriostar Airteagal 42.
- (28) Leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
 ‘4. Is í an chonsalacht amháin a dhéanfaidh an scrúdú ar iarratais, na hagallaimh, i gcás inarb iomchuí, agus an cinneadh maidir le hiarratais.’;
- (b) i mír 5, cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:
 ‘De mhaolú air sin, féadfaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha rochtain a bheith acu ar ardán an Aontais maidir hiarratais tríd an tairseach le haghaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 7e de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) na sonraí arna n-uaslódáil ag an iarratasóir a fhíorú;
- (b) na haitheantóirí bithmhéadracha a uaslódáil;
- (c) na doiciméid tacaíochta a uaslódáil;
- (d) an uirlis coinní a úsáid chun na hamanna atá ar fáil a chur in iúl.’;
- (c) leasaítear mír 6 mar a leanas:
- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
 ‘(c) sonraí a bhailiú (lena n-áirítear aitheantóirí bithmhéadracha a bhailiú agus, i gcásanna eisceachtúla, doiciméid tacaíochta agus doiciméid is gá le haghaidh seiceálacha céannachta), iad a tharchur chuig an gconsalacht nó chuig na húdaráis lárnacha i gcás inarb infheidhme, agus iad a uaslódáil chuig ardán an Aontais maidir le hiarratais.’;
- (2) cuirtear pointe (ca) isteach mar a leanas:
 ‘(ca) an doiciméad taistil a fhíorú i gcoinne na cóipe a d’uaslódáil an t-iarratasóir.’;
- (29) in Airteagal 44, cuirtear mír 1a isteach mar a leanas:
 ‘1a. ‘Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an rochtain a fhéadfaidh a bheith ag soláthraithe seirbhíse seachtracha ar ardán an Aontais maidir le hiarratais tríd an tairseach le haghaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 7e de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’;
- (30) in Airteagal 47, cuirtear mír 3 isteach mar a leanas:
 ‘3. Cuirfidh ardán an Aontais maidir le hiarratais an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil don phobal i gcoitinne maidir le hiarratas a dhéanamh ar víosa trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, go háirithe an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’;
- (31) in Airteagal 51a(2), (3) agus (6), cuirtear tagairt do ‘Airteagal 11(1), Airteagal 16(9) agus Airteagal 32(2)’ in ionad na tagartha do ‘Airteagal 16(9)’;
- (32) in Airteagal 53(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):
 ‘(f) i gcás na mBallstát nach n-eisíonn víosaí i bhformáid dhigiteach, na hiontrálacha náisiúnta breise sa roinn ‘barúlacha’ den ghreamán víosa, dá dtagraítear in Airteagal 27(2)’;
- (33) scriostar Iarscríbhinn III.

Airteagal 2
Leasuithe ar Rialachán (CE) 767/2008

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 2a mar a leanas:
 - (a) leasaítear mír 1 mar a leanas:
 - (1) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(fa) ardán an Aontais maidir le hiarratais;’;
 - (2) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Déanfaidh ardán an Aontais maidir le hiarratais comhpháirteanna cruaearraí agus comhpháirteanna bogearraí na seirbhíse gréasáin EES agus shuíomh gréasáin ETIAS agus na haipe le haghaidh gléasanna móibíleacha a chomhroinnt agus a athúsáid a mhéid is féidir go teicniúil.’;
 - (b) cuirtear mír 6 isteach mar a leanas:

‘6. Seo a leanas na comhpháirteanna coiteanna a bheidh in ardán an Aontais maidir le hiarratais:

 - (a) suíomh gréasáin poiblí agus aip le haghaidh gléasanna móibíleacha;
 - (b) acmhainn stórála sealadaí;
 - (c) seirbhís cuntais shláin;
 - (d) uirlis fíoraithe le haghaidh iarratasóirí;
 - (e) seirbhís ghréasáin le haghaidh sealbhóirí víosa
 - (f) seirbhís ríomhphoist;
 - (g) uirlis íocaíochta;
 - (h) uirlis coinní;
 - (i) tairseach le haghaidh soláthraithe seirbhíse seachtracha;
 - (j) modúl cumraíochta a fhreastalóidh ar eu-LISA, ar údaráis lárnacha agus ar chonsalachtaí;
 - (k) bogearra chun barrachód 2D criptithe a ghiniúint agus a léamh;
 - (l) seirbhís gréasáin shlán a fhágfaidh gur féidir le comhpháirteanna ardán an Aontais maidir le hiarratais cumarsáid a dhéanamh;
 - (m) feidhm deisce cabhrach atá le bainistiú ag eu-LISA;
 - (n) cóip inléite amháin de bhunachar sonraí VIS.’;
- (2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 2:

‘2. ciallaíonn ‘víosa dhigiteach’ an víosa i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;’
- (3) cuirtear isteach Caibidil Ia mar a leanas:

‘CAIBIDIL Ia

ARDÁN AR LÍNE AN AONTAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR VIOSAÍ

Airteagal 7a

Faisnéis phoiblí ghinearálta faoi ardán an Aontais maidir le hiarratais

1. Soláthróidh Ardán ar Líne an Aontais maidir le hiarratais ar Viosaí (‘Ardán an Aontais maidir le hiarratais’) faisnéis ghinearálta don phobal dá dtagraítear in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.

Beidh an Coimisiún agus na Ballstáit freagrach as an bhfaisnéis a sholáthar, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí faoi seach a leagtar amach i míreanna 2 go 4 den Airteagal seo.

2. Beidh eu-LISA freagrach as an bhfaisnéis phoiblí ghinearálta seo a leanas a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar ardán an Aontais maidir le hiarratais, tar éis dó an fhaisnéis seo a leanas a fháil ón gCoimisiún nó ó na Ballstáit:

- (a) na ceanglais víosa, lena n-áirítear liostaí víosaí, comhaontuithe tarscaoilte víosaí; lena n-áirítear na ceanglais le haghaidh pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse, agus lena n-áirítear cásanna ina bhféadfaí an taisteal gan víosa a chur ar fionraí, faoi Airteagail 3, 4, 5, 7, 8 de Rialachán (AE) 2018/1806 agus Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis, chomh maith le faisnéis de bhun Threoir 2004/38/CE agus an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe;
- (b) méid na dtáillí víosa dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009; táillí laghdaithe nó níos airde i gcás comhaontú éascaithe víosaí, nó beart um athligean isteach a eascraíonn as Airteagal 25a den Rialachán sin, chomh maith le Treoir 2004/38/CE agus an Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe;
- (c) i gcás inarb infheidhme, liostaí comhchuibhithe de dhoiciméid tacaíochta, arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 14(5a) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;
- (d) i gcás inarb infheidhme, ceanglais maidir le hárachas leighis taistil, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.

I gcás ina soláthróidh Ballstát an fhaisnéis, déanfaidh eu-LISA ardán an Aontais maidir le hiarratais a chumrú nuair a dhearbhóidh an Coimisiún an fhaisnéis sin.

3. Beidh na húdaráis víosaí lárnacha freagrach as na heilimintí seo a leanas a chur isteach:
 - (a) suíomhanna na gconsalachtaí agus a n-inniúlacht chríochach dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;
 - (b) comhaontuithe nó socruithe maidir le hionadaíocht dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) 810/2009;
 - (c) úsáid soláthraithe seirbhíse seachtracha agus a suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;
 - (d) doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, chomh maith leis na doiciméid sin is infheidhme de bhun Threoir

2004/38/CE agus an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe;

- (e) tarscaoiltí víosa roghnacha dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1806;
 - (f) tarscaoiltí víosa roghnacha dá dtagraítear in Airteagal 16(5) de Rialachán (CE) 810/2009.
4. Is iad consalacht nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil a bheidh freagrach as na heilimintí seo a leanas a chur isteach:
- (a) sonraí teagmhála agus cearta rochtana na soláthraithe seirbhíse seachtracha, le haghaidh na huirlise coinní san áireamh;
 - (b) uirlis coinní, lena n-áirítear na slíotáin atá ar fáil;
 - (c) líon na n-iarratas lena nglactar in aghaidh na seachtaine/míosa.

Airteagal 7b
Foirm iarratais ar líne

1. Déanfaidh gach iarratasóir iarratas ar líne atá comhlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 a chur isteach, ag baint úsáid as ardán an Aontais maidir le hiarratais.
2. Gan dochar d'Airteagal 7ba, soláthróidh an t-iarratasóir na sonraí pearsanta seo a leanas san fhoirm iarratais:
 - (1) sloinne (sloinnthe) (ainm teaghlaigh);
 - (2) sloinne breithe (ainm nó ainmneacha teaghlaigh a úsáideadh roimhe seo);
 - (3) céadainm nó céadainmneacha (ainm nó ainmneacha baiste);
 - (4) dáta breithe (lá-mí-bliain);
 - (5) áit bhreithe;
 - (6) tír bhreithe;
 - (7) náisiúntacht i láthair na huaire; náisiúntachtaí tráth na breithe, murab ionann iad; náisiúntachtaí eile;
 - (8) gnéas;
 - (9) stádas sibhialta;
 - (10) údarás tuismitheora (i gcás mionaoiseach) / caomhnóir dleathach (sloinne, céadainm, seoladh, murab é seoladh an iarratasóra é, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, agus náisiúntacht);
 - (11) uimhir aitheantais náisiúnta, i gcás inarb infheidhme;
 - (12) an cineál doiciméid taistil;
 - (13) uimhir an doiciméid taistil;
 - (14) dáta eisiúna;
 - (15) bailí go dtí;
 - (16) arna eisiúint ag (an tír);

- (17) sonraí pearsanta an bhaill teaghlaigh ar saoránach soghluaiste AE, LEE nó CH é nó ar náisiúnach den Ríocht Aontaithe é is tairbhí den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa stát óstach a ndearnadh an iarratas ar víosa ina leith, más infheidhme: sloinne (ainm teaghlaigh), céadainm nó céadainmneacha, dáta breithe, náisiúntacht, uimhir an doiciméid taistil nó an chárta aitheantais;
- (18) An gaol teaghlaigh le saoránach soghluaiste AE, LEE nó CH nó le náisiúnach den Ríocht Aontaithe is tairbhí den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa stát óstach a ndearnadh an iarratas ar víosa ina leith, más infheidhme
- (19) Seoladh baile, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin an iarratasóra;
- (20) cónaí i dtír nach í tír na náisiúntachta reatha í;
- (21) slí bheatha reatha;
- (22) fostóir agus seoladh agus uimhir theileafóin an fhostóra: i gcás mic léinn, ainm agus seoladh na hinstiúide oideachais;
- (23) cuspóir nó cuspóirí an turais;
- (24) faisnéis bhreise faoi chuspóir na tréimhse fanachta;
- (25) Ballstát is príomhcheann scríbe (agus Ballstáit eile is cinn scríbe eile, más infheidhme);
- (26) Ballstát na chéad iontrála;
- (27) líon na n-iontrálacha arna n-iarraidh; an dáta teachta atá beartaithe maidir leis an gcéad tréimhse fanachta atá beartaithe i limistéar Schengen; an dáta imeachta atá beartaithe as limistéar Schengen tar éis na chéad tréimhse fanachta atá beartaithe;
- (28) méarloirg a bailíodh cheana chun iarratas a dhéanamh ar víosa Schengen; an dáta (más eol); uimhir an víosa, más eol;
- (29) cead dul isteach i gcás na tíre deireanaí is ceann scríbe, i gcás inarb infheidhme;
- (30) sloinne agus céadainm an duine nó na ndaoine sa Bhallstát nó sna Ballstáit a bhfuil cuireadh á thabhairt aige nó acu. Mura bhfuil sé infheidhme, ainm an óstáin nó na n-óstán nó na cóiríochta sealadaí nó na gcóiríochtaí sealadacha sa Bhallstát nó sna Ballstáit;
- (31) ainm agus seoladh na cuideachta/na heagraíochta a thug cuireadh don iarratasóir
- (32) an chaoi a n-íocfar na costais taistil agus maireachtála i rith thréimhse fanachta an iarratasóra;

Cuirfidh an t-iarratasóir seoladh ríomhphoist ar fáil freisin.

Déanfar na sonraí sin uile a thairbhí agus a stóráil ar acmhainn stórála sealadaí i gcomhréir leis na tréimhsí coinneála sonraí a shainítear in Airteagal 7c.

3. Beidh seirbhís cuntais shláin freisin ag ardán an Aontais maidir le hiarratais. Leis an tseirbhís cuntais shláin, beidh an deis ann don iarratasóir na sonraí arna soláthar a choinneáil le haghaidh iarratais a dhéanfar amach anseo, sa chás go dtoilíonn an t-iarratasóir go sainráite leis an stóráil sin, agus sa chás sin amháin.

Leis an tseirbhís cuntais shláin, beidh an deis ann don iarratasóir an t-iarratas a chur isteach i gcéimeanna éagsúla. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmlichte i gcomhréir le hAirteagal 48a chun na ceanglais maidir leis an tseirbhís cuntais shláin a shainiú, lena n-áirítear an tréimhse choinneála le haghaidh na sonraí a stóráiltear ann agus le haghaidh iarratais neamhchríochnaithe nó iarratais nach bpsálann an tseiceáil inniúlachta agus inghlacthachta.

4. Is i gcarachtair aibítir na Laidine a líonfaidh an t-iarratasóir isteach na sonraí dá dtagraítear i mír 2.
5. Nuair a chuirfear isteach an fhoirm iarratais ar líne, déanfaidh ardán an Aontais maidir le hiarratais an seoladh IP ónar cuireadh isteach an fhoirm iarratais a bhailiú agus cuirfidh sé isteach é mar chuid de shonraí an iarratais.
6. Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, inneachar foirmeacha iarratais simplithe le haghaidh deimhniú víosaí bailí i ndoiciméad taistil nua, dá dtagraítear in Airteagal 32a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, agus le haghaidh síneadh víosaí, dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán sin, trí úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).
7. Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais maidir le formáid na sonraí pearsanta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 5 den Airteagal seo atá le cur isteach san fhoirm iarratais chomh maith leis na paraiméadair agus na fforuithe atá le cur chun feidhme chun comhlántacht an iarratais agus comhleánachas na sonraí sin a áirithiú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

Airteagal 7ba

Forálacha sonracha maidir le húsáid ardán an Aontais maidir le hiarratais ag baill teaghlaigh de shaoránaigh den Aontas nó ag baill teaghlaigh de náisiúnaigh tríú tír eile ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais nó ag baill teaghlaigh de náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe

1. Maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó ar ball teaghlaigh é de náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach leis an gceart atá ag saoránaigh den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tír, ar an taobh eile, féadfaidh sé iarratas ar víosa a thaisceadh, gan úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais agus a bheith i dteideal an t-iarratas a thaisceadh go pearsanta ag an gconsalacht nó ag áitreabh na soláthraithe seirbhíse seachtracha, dá rgha féin.
2. Maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó ball teaghlaigh de náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tír, ar an taobh eile, i gcás ina ndéanann sé iarratas ar víosa trí úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais, déanfar an próiseas iarratais a chur i gcrích i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE.

3. Go háirithe, dearfar ardán an Aontais maidir le hiarratais sa chaoi go n-áiritheofaí go mbeidh feidhm ag na rialacha sonracha seo a leanas:
- (a) déanfar an táille víosa a tharscaoileadh;
 - (b) san fhoirm iarratais ar víosa, ní sholáthróidh an t-iarratasóir na sonraí pearsanta seo a leanas:
 - (a) Gairm reatha
 - (b) Fostóir agus seoladh agus uimhir theileafóin an fhostóra: i gcás mic léinn, ainm agus seoladh na hinstiúide oideachais
 - (c) Sloinne agus céadainm an duine nó na ndaoine sa Bhallstát nó sna Ballstáit a bhfuil cuireadh á thabhairt aige nó acu. Mura bhfuil sé infheidhme, ainm an óstáin nó na n-óstán nó na cóiríochta sealadaí nó na gcóiríochtaí sealadacha sa Bhallstát nó sna Ballstáit
 - (d) Ainm agus seoladh na cuideachta/na heagraíochta a thug cuireadh don iarratasóir
 - (e) An chaoi n-íocfar na costais taistil agus maireachtála i rith thréimhse fanachta an iarratasóra.
 - (c) ba cheart don iarratasóir a bheith in ann doiciméid a chur isteach lena dtugtar le fios gur ball teaghlaigh é nó í de shaoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó de náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach leis an gceart atá ag saoránaigh den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tír, ar an taobh eile. Níor cheart a iarraidh ar an iarratasóir doiciméid tacaíochta a chur isteach dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ná cruthúnas go bhfuil árachas liachta taistil leormhaith bailí aige i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.
 - (d) de mhaolú ar Airteagal 7c(8), ní fhíorófar leis an réamhsheiceáil uathoibríthe ar inghlachtacht ach an méid seo a leanas:
 - (a) cibé acu ar líonadh isteach gach réimse riachtanach den fhoirm iarratais;
 - (b) cibé acu ar cuireadh cruthúnas ar fáil go bhfuil pas bailí i seilbh an iarratasóra i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE;
 - (c) cibé acu ar bailíodh sonraí bithmhéadracha an iarratasóra, más infheidhme.
 - (e) i gcás ina n-eiseofar víosa, san fhógra a leagtar síos in Airteagal 7f, gheobhaidh an t-iarratasóir meabhrúchán nach bhfuil an ceart chun dul isteach ag an mball teaghlaigh de shaoránach a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú aige agus a bhfuil víosa ina sheilbh aige ach amháin má tá an ball teaghlaigh sin in éineacht leis an saoránach den Aontas nó an náisiúnach tríú tír eile a bhfuil a cheart nó a ceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú aige nó aici, nó má tá an ball teaghlaigh ag dul isteach chun a bheith leis an saoránach nó leis an náisiúnach sin.
4. Tá feidhm ag míreanna 1 agus 2 freisin maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó

ball teaghlaigh de náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta atá coibhéiseach leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tír, ar an taobh eile, i gcás ina dteastaíonn ón náisiúnach tríú tír sin síneadh le víosa nó deimhniú ar an víosa i ndoiciméad taistil nua. Tarscaoilfear an táille sínidh víosa agus an táille deimhniúcháin víosa.

5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1 go 4 maidir le baill teaghlaigh de náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad féin den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa Stát óstach a bhfuil an t-iarratas ar víosa á dhéanamh ina leith.

Airteagal 7c

An próiseas iarratais trí úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais

1. Nuair a chuirfear foirm iarratais isteach de bhun Airteagal 7b, cinnfidh ardán an Aontais maidir le hiarratais an cineál víosa a mbeidh iarratas á dhéanamh air agus déanfaidh sé réamhsheiceáil uathoibríthe ar inniúlacht chun an Ballstát inniúil a réamhchinneadh go huathoibríoch ar bhonn na sonraí arna soláthar ag an iarratasóir. Ní choiscfidh sé sin an fforú de láimh ar an inniúlacht ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.

Déanfar ardán an Aontais maidir le hiarratais a dhearadh sa chaoi go mbeidh iarratasóirí in ann a chur in iúl an bhfuil siad i láthair go dleathach ach nach bhfuil cónaí orthu i ndlínse, dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.

2. Beidh iarratasóirí in ann úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais chun cóip scanta den doiciméad taistil a chur isteach i bhformáid leictreonach, mar aon le doiciméid tacaíochta agus cruthúnas ar árachas liachta taistil i bhformáid dhigiteach, de réir mar is infheidhme, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 nó Threoir 2004/38/CE.
3. Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais theicniúla maidir le formáid na ndoiciméad tacaíochta, an árachais liachta taistil agus na cóipe den doiciméad taistil i bhformáid leictreonach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).
4. Más gá, beidh an t-iarratasóir in ann úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais chun an táille víosa a íoc tríd an uirlis íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7d a úsáid.
5. Beidh ardán an Aontais maidir le hiarratais in ann a sheiceáil sa chóip inléite amháin de VIS ar tógadh sonraí bithmhéadracha an iarratasóra le 59 mí anuas agus ar chuir an t-iarratasóir iarratas isteach cheana leis an doiciméad taistil céanna:

Más amhlaidh an cás, tabharfaidh ardán an Aontais maidir le hiarratais fógra don iarratasóir nach gá aon chuairt a thabhairt ar an gconsalacht ná ar sholáthraí seirbhíse seachtrach chun an t-iarratas a chur isteach;

Murab amhlaidh an cás, tabharfaidh ardán an Aontais maidir le hiarratais fógra don iarratasóir gur gá cuairt ar an gconsalacht nó ar sholáthraí seirbhíse seachtrach a eagrú chun an t-iarratas a chur isteach.

6. Má bhíonn gá le cuairt ar an gconsalacht nó ar sholáthraí seirbhíse seachtrach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, féadfaidh Ballstát a chinneadh an uirlis coinní dá dtagraítear in Airteagal 7d a úsáid chun na críche sin.
7. Cuirfidh an t-iarratasóir an t-iarratas isteach, lena n-áirítear dearbhú maidir le barántúlacht, iomláine, cruinneas agus iontaofacht na sonraí.
8. Tar éis don iarratasóir an t-iarratas a chur isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, déanfaidh ardán an Aontais maidir le hiarratais réamhsheiceáil uathoibríthe ar inghlacthacht.

Fíorófar na nithe seo a leanas go huathoibríoch leis an réamhsheiceáil uathoibríthe ar inghlacthacht:

- (a) cibé acu ar taisceadh an t-iarratas laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 9(1), más infheidhme;
 - (b) cibé acu ar líonadh isteach gach réimse riachtanach den fhoirm iarratais;
 - (c) cibé acu ar cuireadh cruthúnas ar fáil go bhfuil doiciméad taistil i seilbh an iarratasóra i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009;
 - (d) cibé acu ar bailíodh sonraí bithmhéadracha an iarratasóra, más infheidhme;
 - (e) cibé acu ar bailíodh an táille víosa, más infheidhme;
9. Más rud é, de réir na réamhsheiceála uathoibríthe ar inghlacthacht, go bhfuil an t-iarratas inghlactha, seolfaidh ardán an Aontas maidir le hiarratais fógra chuig consalacht nó údaráis lárnacha an Bhallstáit ina mbeidh toradh comhcheangailte na réamhsheiceála uathoibríthe ar inniúlacht agus ar inghlacthacht.

Más rud é, de réir na réamhsheiceála uathoibríthe ar inghlacthacht, nach bhfuil an t-iarratais inghlactha, seolfaidh ardán an Aontais maidir le hiarratais fógra chuig an iarratasóir agus cuirfidh sé in iúl cén chuid den chomhad iarratais atá ar iarraidh.

Dearfar an t-ardán iarratais chun a áirithiú go bhféadfaidh feidhm a bheith ag mír (4) agus ag mír (4a) d'Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, chun gur féidir iarratais a mheas a bheith inghlactha.
 10. Tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 9 a fháil, déanfaidh consalacht nó údaráis lárnacha an Bhallstáit fíorú de láimh ar an inniúlacht, i gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, agus ina dhiaidh sin, déanfaidh siad fíorú de láimh, más gá, ar an inghlacthacht i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán sin.
 11. Má ghlacann consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil leis an iarratas arna chur isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais, aistreofar na sonraí chuig an gcóras náisiúnta ó stóráil shealadach. Déanfar na sonraí a scríosadh láithreach ó stóráil shealadach, cé is moite de shonraí teagmhála atá nasctha leis an tseirbhís cuntais shláin.
 12. Má tharraingíonn an t-iarratasóir siar an t-iarratas tar éis na réamhsheiceála uathoibríthe ar inniúlacht agus ar inghlacthacht, scríosfar na sonraí láithreach ó stóráil shealadach, cé is moite de shonraí teagmhála atá nasctha leis an tseirbhís cuntais shláin.
 13. Féadfaidh consalacht inniúil nó údaráis lárnacha an Bhallstáit inniúil an tseirbhís cuntais shláin a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis na hiarratasóirí.

Airteagal 7d
Uirlis íocaíochta agus uirlis coinní

1. Úsáidfear uirlis íocaíochta chun an táille víosa a íoc trí úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais. Is soláthraí tríú páirtí a dhéanfaidh an uirlis íocaíochta a bhainistiú.
2. Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais maidir leis an uirlis íocaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, lena n-áirítear na módúlachtaí aisíocaíochta d'iarratasóirí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).
3. Féadfaidh na Ballstáit nó na soláthraithe seirbhíse seachtracha uirlis a úsáid chun coinní a bhainistiú.
4. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na ceanglais maidir leis an uirlis coinní dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a shainiú, lena n-áirítear na módúlachtaí maidir le coinní a dheimhniú, an nasc leis na huirlisí coinní atá ann cheana féin nó faisnéis maidir le coinní siúil isteach atá le socrú ag na consalachtaí nó ag na soláthraithe seirbhíse seachtracha agus na módúlachtaí teicniúla chun a áirithiú go mbeidh aon bhall teaghlaigh in ann tairbhiú de nós imeachta brostaithe, ar ball teaghlaigh é de shaoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó ball teaghlaigh de náisiúnach tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige atá coibhéiseach leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tír, ar an taobh eile, nó ball teaghlaigh de náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad féin den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa Stát óstach a bhfuil an t-iarratas ar víosa á dhéanamh ina leith. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

Airteagal 7e
Tairseach na soláthraithe seirbhíse seachtracha

1. Ní bheidh rochtain ag soláthraithe seirbhíse seachtracha ar ardán an Aontais maidir le hiarratais tríd an tairseach seirbhíse seachtraí ach amháin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) na sonraí a uaslódáladh sa toilleadh stórála sealadaí, go háirithe an chóip scanta den doiciméad taistil, a fhíorú agus seiceálacha cáilíochta a dhéanamh orthu;
 - (b) na haitheantóirí bithmhéadracha a uaslódáil;
 - (c) na doiciméid tacaíochta a uaslódáil, más gá;
 - (d) an uirlis coinní a úsáid chun na hamanna atá ar fáil a chur in iúl, más infheidhme;
 - (e) iarratas a chur ar fáil don chonsalacht le tuilleadh próiseála a dhéanamh air.
2. Bunóidh na Ballstáit scéim fíordheimhniúcháin, scéim a fhorchoimeádfar do sholáthraithe seirbhíse seachtracha agus dóibh sin amháin, chun rochtain ar an tairseach a thabhairt do na baill foirne chúí údaraithe chun críocha an Airteagail seo. Agus an scéim fíordheimhniúcháin á bunú, cuirfear san áireamh bainistiú riosca a

bhaineann le slándáil faisnéise agus na prionsabail maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an scéim fíordheimhniúcháin a leagan síos do bhaill foirne soláthraithe seirbhíse seachtracha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

Airteagal 7f
Fógra a thabhairt faoi chinntí

1. Trí mhodhanna leictreonacha slána a chuirfear iarratasóirí agus sealbhóirí víosa ar an eolas maidir le cinntí arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir lena n-iarratais nó maidir lena víosaí eisithe.
2. Beidh na sonraí seo a leanas ar áireamh sna fógraí a thabharfar d'iarratasóirí nó do shealbhóirí víosa, de réir mar is infheidhme:
 - (a) i gcás víosa a eisítear: na sonraí a liostaítear in Airteagail 24, 25 nó 26 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus in Airteagal 10 den Rialachán seo;
 - (b) i gcás víosa a dhiúltaítear: na sonraí a liostaítear in Airteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus in Airteagal 12 den Rialachán seo;
 - (c) i gcás víosa a dheimhnítear: na sonraí a liostaítear in Airteagal 32a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus in Airteagal 12a den Rialachán seo;
 - (d) i gcás víosa a gcuirtear síneadh léi: na sonraí a liostaítear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus in Airteagal 14 den Rialachán seo;
 - (e) i gcás víosa a neamhnítear nó a chúlghairtear: na sonraí a liostaítear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus in Airteagal 13 den Rialachán seo.
3. Beidh barrachód 2D, arna shíniú go digiteach ag an údarás eisiúna, agus íomhá d'aghaidh an tsealbhóra san fhógra dá dtagraítear i mír 2. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 sa bharrachód 2D.

Beidh an fógra i bhformáid inphriontáilte.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos sonraíochtaí teicniúla na víosaí digiteacha agus an fhógra dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear mionsonraí maidir le formáid an fhógra, amhail barrachód 2D agus formáid inphriontáilte. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).

Airteagal 7g
Uirlis fíorúcháin

1. Leis an uirlis fíorúcháin beidh iarratasóirí agus sealbhóirí víosa in ann na nithe seo a leanas a sheiceáil:
 - (a) stádas a n-iarratais;
 - (b) stádas agus bailíocht a víosa.
2. Is ar an tseirbhís cuntais shláin dá dtagraítear in Airteagal 7b(3) a bhunófar an uirlis fíorúcháin.

3. Le hardán an Aontais maidir le hiarratais, cuirfear feidhmiúlacht seirbhíse gréasáin ar fáil d'iarratasóirí chun an víosa dhigiteach a fhíorú gan an tseirbhís cuntais shláin.
4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i dtaca leis na rialacha mionsonraithe maidir leis na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú na seirbhíse gréasáin agus leis na rialacha cosanta sonraí agus slándála is infheidhme maidir leis an tseirbhís gréasáin, lena n-áirítear aitheantóir uathúil an iarratasóra. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2).';
- (4) In Airteagal 9(4), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:
 - '(na) i gcás inarb infheidhme, ós rud é go ndéanann iarratasóir iarratas mar bhall teaghlaigh de náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhí é den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa Stát óstach a bhfuil an t-iarratas ar víosa á dhéanamh ina leith;
 - (o) seoladh ríomhphoist;
 - (p) an seoladh IP ónar cuireadh an fhoirm iarratais isteach.';
- (5) In Airteagal 9b, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
 - '5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1 go 4 maidir le baill teaghlaigh de náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe ar tairbhíthe iad féin den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa Stát óstach a bhfuil an t-iarratas ar víosa á dhéanamh ina leith.';
- (6) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1, phointe (e):
 - '(e) uimhir na víosa;';
 - (b) i mír 1, scriostar pointe (k).
 - (c) i mír 1, cuirtear isteach pointe (m)
 - '(m) i gcás inarb infheidhme, stádas an duine a thugann le fios gur ball teaghlaigh de náisiúnach den Ríocht Aontaithe ar tairbhí é den Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa Stát óstach a bhfuil an t-iarratas ar víosa á dhéanamh ina leith é an náisiúnach tríú tír.';
- (7) cuirtear isteach an tAirteagal 12a seo a leanas:

'Airteagal 12a

Sonraí breise i gcás ina ndéanfar víosa a dheimhniú

1. I gcás ina ndearnadh cinneadh víosa a dheimhniú, cuirfidh an t-údarás a rinne an cinneadh na sonraí seo a leanas leis an gcomhad iarratais:
 - (a) faisnéis faoin stádas;
 - (b) an t-údarás a dheimhnigh an víosa;
 - (c) láthair agus dáta an chinnidh;
 - (d) sonraí nua doiciméid taistil, lena n-áirítear uimhir, tír agus údarás eisiúna, dáta eisiúna, dáta éaga.

2. I gcás ina ndearnadh cinneadh víosa a dheimhniú, déanfaidh an córas na sonraí a liostaítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2017/2226 a aisghabháil agus a easpórtáil láithreach ó VIS isteach in EES.’;
- (8) in Airteagal 14(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
‘(d) uimhir víosa na víosa a gcuirtear síneadh léi;’;
- (9) in Airteagal 15(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):
‘(f) uimhir na víosa, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe agus dáta eisiúna aon víosa, víosa fadfhanachta nó cheada cónaithe roimhe sin;’
- (10) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:
 - (a) i mír 1, scriostar pointe (b);
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
‘3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, i gcás ina seoltar cuardach in EES de bhun Airteagal 23(2) nó (4) de Rialachán (AE) 2017/2226, féadfaidh an t-údarás inniúil teorann cuardach a dhéanamh in VIS ach gan idir-oibrítheacht le EES a úsáid, i gcás ina bhfágann cúinsí ar leith gur mar sin is gá, go háirithe, i gcás nach indéanta go teicniúil sonraí EES a cheadú, ar bhonn sealadach, nó i gcás ina dteipeann ar EES.’;
- (11) cuirtear an tAirteagal 18e seo a leanas isteach:

‘Airteagal 18e

Nósanna imeachta cúltaca i gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, sonraí a rochtain ag na teorainneacha seachtracha

1. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an ceadú dá dtagraítear in Airteagal 18 a dhéanamh mar de bharr chlis ar chuid ar bith de VIS, cuirfidh eu-LISA é sin in iúl d’údaráis teorann na mBallstát.
2. I gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, an cuardach a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 18 de bharr gur chlis ar an mbonneagar teorann náisiúnta i mBallstát, tabharfaidh na húdaráis teorann fógra do eu-LISA. Cuirfidh eu-LISA an Coimisiún ar an eolas ina dhiaidh sin.
3. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, leanfaidh na húdaráis teorann a bpleananna teagmhasacha náisiúnta. Leis an bplean teagmhasach náisiúnta, féadfar na húdaráis teorann a údarú maolú ar bhonn sealadach ón oibleagáid VIS dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/399 a cheadú.
4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, samhlacha de phleananna teagmhasacha i gcomhair na gcásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá le leanúint ag na húdaráis teorann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49(2). Glacfaidh na Ballstáit a gcuid pleananna teagmhasacha náisiúnta trí úsáid na samhlacha de phleananna teagmhasacha mar bhonn, agus iad a oiriúnú de réir mar is gá ar an leibhéal náisiúnta.’;
- (12) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
‘1. Chun céannacht shealbhóir an víosa agus/nó barántúlacht an víosa a fhíorú agus/nó chun a fhíorú go gcomhlíontar, nó nach gcomhlíontar coinníollacha iontrála,

fanachta nó cónaithe i gcríoch na mBallstát agus chun na críche sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis inniúla chun seiceálacha a dhéanamh laistigh de chríoch na mBallstát cibé an gcomhlíontar na coinníollacha iontrála, fanachta nó cónaithe, d'fhonn cuardach a dhéanamh trí bhíthin uimhir an víosa, chun fíorú a dhéanamh ar mhéarloirg shealbhóir an víosa.

I gcás nach féidir céannacht an tsealbhóra víosa a fhíorú le méarloirg, féadfaidh na húdaráis inniúla an fíorú a dhéanamh leis an íomhá den aghaidh freisin.’;

- (13) in Airteagal 20(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
‘(d) na sonraí a iontráladh maidir le haon víosa a eisítear, a dhiúltaítear, a dheimhnítear, a neamhnítear, a chúlghairtear nó a gcuirtear síneadh léi, dá dtagraítear in Airteagail 10 go 14.’;
- (14) in Airteagal 21(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
‘(d) na sonraí a iontráiltear maidir le haon víosa a eisítear, a dheimhnítear, a neamhnítear, a chúlghairtear nó a gcuirtear síneadh léi dá dtagraítear in Airteagail 10, 12a, 13 agus 14.’;
- (15) in Airteagal 22(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):
‘(e) na sonraí a iontráiltear maidir le haon víosa a eisítear, a dheimhnítear, a neamhnítear, a chúlghairtear nó a gcuirtear síneadh léi dá dtagraítear in Airteagail 10, 12a, 13 agus 14.’;
- (16) in Airteagal 22f(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
‘(d) an uimhir víosa;’;
- (17) in Airteagal 22o, leasaítear mír 3 mar a leanas:
(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
‘(c) uimhir víosa nó uimhir na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe agus dáta éaga bhailíocht na víosa, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe, de réir mar is infheidhme;’;
(b) cuirtear na pointí (f) agus (g) seo a leanas isteach:
‘(f) seoladh IP;
(g) seoladh ríomhphoist.’;
- (18) in Airteagal 22r, leasaítear mír 3 mar a leanas:
(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
‘(c) uimhir víosa nó uimhir na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe agus dáta éaga bhailíocht na víosa, na víosa fadfhanachta nó an cheada cónaithe, de réir mar is infheidhme;’;
(b) cuirtear na pointí (f) agus (g) seo a leanas isteach:
‘(f) seoladh IP;
(g) seoladh ríomhphoist’;
- (19) in Airteagal 45(2), cuirtear na pointí (g) go (o) seo a leanas isteach:
‘(g) chun inneachar foirmeacha iarratais simplithe a shainiú le haghaidh víosaí bailí a dheimhniú i ndoiciméad taistil nua agus le haghaidh víosaí a fhadú, i gcomhréir le hAirteagal 7b;

(h) chun ceanglais a shainiú maidir le formáid na sonraí pearsanta san fhoirm iarratais ar líne, i gcomhréir le hAirteagal 7b;

(i) chun na ceanglais theicniúla a shainiú maidir le formáid na ndoiciméad tacaíochta, an árachais liachta taistil agus na cóipe den doiciméad taistil i bhformáid leictreonach atá le soláthar trí ardán iarratais an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 7c agus Airteagal 7ba;

(j) na ceanglais a bhaineann leis an uirlis íocaíochta a shainiú, lena n-áirítear na módúlachtaí aisíocaíochta d'iarratasóirí, i gcomhréir le hAirteagal 7ú;

(k) na ceanglais maidir leis an uirlis coinní dá dtagraítear a shainiú, lena n-áirítear na rialacha mionsonraithe chun ceapacháin a dhearbhu, agus an nasc chuig na huirlisí ceapacháin atá ann cheana nó an fhaisnéis maidir le ceapacháin a bheidh le ceapadh ag na consalachtaí nó ag soláthraithe seirbhíse seachtracha, i gcomhréir le hAirteagal 7d;

(l) chun an scéim fíordheimhniúcháin a leagan síos le haghaidh baill foirne de sholáthraithe seirbhíse seachtracha a úsáideann tairseach an tsoláthraí seirbhíse sheachtraigh, i gcomhréir le hAirteagal 7e;

(m) chun sonraíochtaí teicniúla na víosaí i bhformáid dhigiteach, agus an fógra víosa a leagan síos, lena n-áirítear mionsonraí maidir le formáid an fhógra, amhail barrachód 2D, formáid inphriontáilte, i gcomhréir le hAirteagal 7f;

(n) chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na coinníollacha chun an tseirbhís gréasáin a oibriú agus maidir leis na rialacha cosanta sonraí agus na rialacha slándála is infheidhme maidir leis an tseirbhís gréasáin, i gcomhréir le hAirteagal 7g;

(o) samhlacha de phleananna teagmhasacha a shainiú maidir le nósanna imeachta cúltaca i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil sonraí a rochtain ag na teorainneacha seachtracha, lena n-áirítear na nósanna imeachta atá le leanúint ag na húdaráis teorann, i gcomhréir le hAirteagal 18e.;

- (20) in Airteagal 48a(2), (3) agus (6), cuirtear tagairtí do ‘Airteagal 7b, Airteagal 9, Airteagal 9h(2), Airteagal 9j(2) agus Airteagal 22b(18)’ in ionad na dtagairtí do ‘Airteagal 9, Airteagal 9h(2), Airteagal 9j(2) agus Airteagal 22b(18)’.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle⁶⁶

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Maidir le víosaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo ag na Ballstáit nach n-eisíonn víosaí i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, déanfar iad a chur ar fáil i bhfoirm formáid aonfhoirmeach (greamán). Beidh siad i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn.’;

⁶⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach do víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1).

(2) In Airteagal 7, cuirtear an ceathrú mír seo a leanas leis:

‘Úsáid na formáide aonfhoirmí víosa chun críoch eile seachas na críocha sin a chumhdaítear le hAirteagal 5, beidh sí gan dochar d’eisiúint víosaí i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.’.

Airteagal 4

*Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 ón gComhairle*⁶⁷

In Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 333/2002, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na Ballstáit nach n-eisíonn víosaí i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

Chun críoch an Rialacháin seo, ciallóidh ‘foirm chun víosa a ghreamú’ an doiciméad a eisíonn údaráis Ballstáit do shealbhóir doiciméid taistil nach n-aithníonn an Ballstát sin, foirm dá ngreamóidh a údaráis inniúla víosa.’.

* Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).’.

Airteagal 5

*Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle*⁶⁸

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

1. Déanfar Doiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) arna n-eisiúint ag na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 a eisiúint i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle * agus beidh an luach céanna acu agus atá ag víosaí a bhfuil bailíocht chríochach teoranta chun críche idirthurais. Ina theannta sin, beidh léiriú soiléir san fhoirmáid dhigiteach gur FTD atá sa doiciméad eisithe.
2. Doiciméid Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTDanna) arna n-eisiúint ag na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 693/2003, eiseofar iad i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus beidh an luach céanna acu agus atá ag víosaí a bhfuil bailíocht

⁶⁷ Rialachán (CE) Uimh. 333/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 maidir le formáid aonfhoirmeach le haghaidh foirmeacha chun an víosa a ghreamú arna heisiúint ag na Ballstáit chuig daoine a bhfuil doiciméid taistil ina seilbh nach n-aithníonn an Ballstát atá ag tarraingt suas an fhoirm (IO L 53, 23.2.2002, lch. 4).

⁶⁸ Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le formáidí aonfhoirmeacha le haghaidh Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 (IO L 99, 17.4.2003, lch. 15).

chríochach theoranta acu chun críche idirthurais. Ina theannta sin, beidh léiriú soiléir san fhormáid dhigiteach gurb é FRT an doiciméad eisithe.’.

* Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).’.

- (2) In Airteagal (2)1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
- ‘1. Sonraíochtaí teicniúla breise maidir leis an bhformáid dhigiteach do FTDanna agus do FRTDanna, lena n-áirítear sonraíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas, bunófar iad i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4(2):’;
- (3) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
- ‘2. Na Ballstáit a chinn an méid sin a dhéanamh, eiseoidh siad an fhormáid dhigiteach i gcás FTDanna agus FRTDanna dá dtagraítear in Airteagal 1 tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis ghlacadh na ngnéithe agus na gceanglas slándála breise dá dtagraítear in Airteagal 2.’.

Airteagal 6

*Leasú ar an gCoinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme*⁶⁹

Leasaítear Airteagal 18 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
- ‘1. Is víosaí náisiúnta, arna n-eisiúint ag ceann amháin de na Ballstáit i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó le dlí an Aontais, a bheidh i víosaí chun fanacht ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá (‘víosaí fadfhanachta’). Eiseofar víosaí den sórt sin i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009.
- Mar eisceacht, déanfaidh na Ballstáit nach n-eisíonn víosaí i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 víosaí a eisiúint san fhormáid aonfhoirmeach do víosaí mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle (*) agus beidh ceannteideal orthu lena sonraítear an cineál víosa leis an litir ‘D’. Déanfar iad a chomhlánú i gcomhréir leis na forálacha ábhartha d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí).’;
- (2) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:
- ‘1a. Déanfar víosaí fadfhanachta a eiseofar i bhformáid dhigiteach a chur in iúl d’iarratasóirí trí mhodhanna leictreonacha i gcomhréir le hAirteagal 7f de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’.

⁶⁹ An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme ([IO L 239, 22.9.2000, lch. 19](#)).

Airteagal 7
Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle⁷⁰

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
‘3. Eiseofar an FTD/FRTD i bhformáid dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 26a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009*’

* Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).’;

- (2) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:
- (a) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:
‘Cuirfear an t-iarratas ar FTD faoi bhráid údaráis chonsalachta Ballstáit a chuir in iúl a chinneadh maidir le FTD/FRTD a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 12.’;
- (b) cuirtear isteach an mhír 5 seo a leanas:
‘5. Déanfar an t-iarratas ar FTD agus ar FRTD trí úsáid a bhaint as uirlis iarratais ar líne. Beidh san uirlis iarratais ar líne na sonraí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo.’.
- (3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, mhír 3 agus mhír 4:
‘2. Ní eiseofar aon FTD/FRTD le haghaidh doiciméad taistil atá in éag.
3. Beidh tréimhse bailíochta an doiciméid taistil dá n-eisítear FTD/FRTD níos faide ná tréimhse bailíochta FTD/FRTD.
4. Ní eiseofar aon FTD/FRTD le haghaidh doiciméad taistil mura bhfuil an doiciméad taistil sin bailí d’aon cheann de na Ballstáit. Mura bhfuil doiciméad taistil bailí ach i gcás Ballstát amháin nó i gcás roinnt Ballstát, beidh an FTD/FRTD teoranta don Bhallstát nó do na Ballstáit i dtrácht.’.

Airteagal 8
Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷¹

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2226 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 16(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

⁷⁰ Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 lena mbunaítear Doiciméad Idirthuais Éascaithe (FTD) sonrath, Doiciméad Idirthuais Iarnróid Éascaithe (FRTD) agus lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus an Lámhleabhar Coiteann (IO L 99, 17.4.2003, lch. 8).

⁷¹ Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

‘(d) i gcás inarb infheidhme, uimhir na víosa gearrfhanachta, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna, an cineál víosa gearrfhanachta, an dáta a rachaidh uasfhad an fhanachta in éag arna údarú leis an víosa ghearrfhanachta, a nuashonrófar tráth gach dul isteach, agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag;’

(2) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) i gcás inarb infheidhme, uimhir nua na víosa, lena n-áirítear cód trí litir na tíre eisiúna;

(b) cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. I gcás ina ndearnadh cinneadh víosa bhailí a dheimhniú i ndoiciméad taistil nua, déanfaidh an t-údarás víosaí a rinne an cinneadh na sonraí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a aisghabháil ó VIS láithreach agus iad a iompórtáil go díreach isteach in EES i gcomhréir le hAirteagal 12a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.’.

(3) in Airteagal 24(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) uimhir na víosa gearrfhanachta, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna dá dtagraítear in Airteagal 16(2), pointe (d);’;

(4) in Airteagal 32(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) uimhir víosa agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa in éag;’.

Airteagal 9

Meastóireacht ar ardán iarratais an Aontais Eorpaigh

1. Cúig bliana tar éis dháta tosaigh na n-oibríochtaí de réir Airteagal 12 den Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar oibriú ardán iarratais an Aontais. Cuimseofar sa mheastóireacht sin scrúdú ar na torthaí a baineadh amach maidir leis na cuspóirí agus ar chur chun feidhme fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, arna leasú ag an Rialachán seo.
2. Tarchuirfidh an Coimisiún an mheastóireacht dá dtagraítear i mír 1 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Ar bhonn na meastóireachta sin, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, tograí iomchuí.

Airteagal 10

Tús oibríochtaí ardán iarratais an Aontais Eorpaigh

1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí ardán iarratais Aontais de bhun an Rialacháin seo, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) beidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1, i bpointe (31) agus in Airteagal 2, pointe (19) agus pointe (20) glactha;
 - (b) beidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástálacha cuimsitheacha curtha i gcrích go rathúil aige;
 - (c) beidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla bailíochtaithe ag eu-LISA agus beidh fógra tugtha don Choimisiún ina leith.

2. Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
3. Mar mhaolú ar mhír 1, agus gan dochar do víosaí a eisiúint i bhformáid dhigiteach, féadfaidh Ballstát a chinneadh, ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta dá dtagraítear i mír 1, gan leas a bhaint as ardán iarratais an Aontais.

Sa chás sin, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún maidir lena chinneadh gan leas a bhaint as ardán iarratais an Aontais le linn na hidirthréimhse. Foilseoidh an Coimisiún an fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Le linn na hidirthréimhse sin, beidh sealbhóirí víosaí in ann víosaí digiteacha a fhíorú trí úsáid a bhaint as seirbhís gréasáin an ardáin ar líne maidir le hiarratais ar víosaí, dá dtagraítear in Airteagal 7g de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 más rud é gur chinn an Ballstát a phróiseálann a n-iarratas ar víosa gan leas a bhaint as ardán iarratais an Aontais Eorpaigh.

4. Féadfaidh Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún agus do eu-LISA gur mian leis leas a bhaint as ardán iarratais an Aontais roimh dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 3.

Cinnfidh an Coimisiún an dáta óna mbeidh feidhm aige sin. Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 11
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Nósanna Imeachta Víosaí a Dhigitiú

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Gnóthaí Baile

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart⁷²

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóir/cuspóirí ginearálta

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh rannchuidiú le digitiú na seirbhísí poiblí, an Eoraip a dhéanamh oiriúnach don ré dhigiteach chomh maith le rannchuidiú le AE slán, sábháilte agus athléimneach agus an tAontas a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe agus an tuiscint atá air mar eintiteas geografach amháin a chuireann comhbheartas víosa i bhfeidhm a neartú.

1.4.2. Cuspóir/Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh. 1: An próiseas iarratais ar víosaí do na Ballstáit agus do NTTanna a nuachóiriú, a shimpliú agus a chomhchuibhiú tríd an nós imeachta maidir le víosaí a dhigitiú

Cuspóir sonrach Uimh. 2: Rioscaí calaoise (aitheantais) agus brionnaithe a laghdú agus an próiseas fíorúcháin ag an teorainn a éascú tríd an digitiú

D'fhonn na cuspóirí sonracha sin a bhaint amach, áirítear sa togra ardán aonair iarratais víosa AE a chruthú agus víosa dhigiteach a chur chun feidhme seachas greamán víosa.

1.4.3. An toradh/na torthaí agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Bheadh tionchar dearfach ag an togra ar thaisteal agus OTI an Aontais le EUR 53.3 billiún breise sa thréimhse 2025-2029, toisc go léireofaí leis an togra an t-aistriú ó phróiseas iarratais ar pháipéar den chuid is mó go dtí próiseas fíordhigiteach agus comhchuibhithe den chuid is mó.

⁷²

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Bhainfeadh na Ballstáit leas as ardán iarratais víosa an Aontais trí laghdú a dhéanamh ar an méid ama a chaithfí ar iarratais ar víosaí do chonsalachtaí a phróiseáil agus trí iarratais pháipéir a chomhdú sa chartlann. Chuirfeadh an víosa dhigiteach feabhas ar shlándáil inmheánach limistéar Schengen, toisc nach bhféadfaí an greamán víosa a fhalsú a thuilleadh, agus laghdódh sé go mór an t-ualach riaracháin ar údarais láir agus ar chonsalachtaí na mBallstát, nach mbeadh orthu am agus airgead a chaitheamh a thuilleadh ar mhonarú, ordú agus iompar slán greamán víosa chuig na consalachtaí. Ar an iomlán, de réir na hanailíse costais is tairbhe a rinneadh i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair, shábhálfadh na Ballstáit EUR 553 milliún i gcostais riaracháin don tréimhse 2025-2029.

Ar deireadh, bhainfeadh iarratasóirí ar víosaí tairbhe as an togra freisin. Ní bheadh ar iarratasóirí ar víosa a rinne iarratas cheana costas taistil a thabhtú a thuilleadh chun iarratas a dhéanamh ar víosa, agus choinneodh iarratasóirí a gcuid doiciméad taistil leo le linn an phróisis iarratais. Shábhálfadh gach iarratasóir EUR 31 in aghaidh gach iarratais as EUR 74 san iomlán a caitheadh ar gach iarratas.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an méid atá bainte amach.

Táscaire 1: Sciar na n-iarratas a chuirtear isteach trí ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí as líon iomlán na n-iarratas ar víosaí Schengen.

Sprioc: 95 % ag deireadh na hidirtréimhse (31 Nollaig 2030)

Táscaire 2: An sciar de na víosaí digiteacha a eisíodh as líon iomlán na víosaí a eisíodh.

Sprioc: 100 % ar theacht i bhfeidhm ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí (1 Eanáir 2026)

Táscaire 3: Céatadán na n-iarratas ar víosaí a cuireadh isteach le hidirghabháil ó Sholáthraithe Seirbhíse Seachtracha (ESPanna) – 90 %

Sprioc: 75 % d'iarratais ar víosaí á chur isteach gan idirghabháil ó ESP– ag deireadh na hidirtréimhse (31 Nollaig 2030)

- 1.4.4.1. Éifeachtacht agus tráthúlacht: ba cheart leis na táscairí ceadú d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht trí fhaisnéis maidir le dul chun cinn a chur ar fáil go rialta agus maidir lena bhfuil bainte amach feadh na clárthréimhse.
- 1.4.4.2. Éifeachtúlacht: ba cheart próisis a bharrfheabhsú chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil, agus iarrataí ar fhaisnéis nach bhfuil gá leo nó atá dúbhlach á seachaint
- 1.4.4.3. Ábharthacht na dtáscairí agus an gá atá ann an t-ualach riaracháin gaolmhar a theorannú.
- 1.4.4.4. Soiléireacht: ba cheart táscairí a sheachadadh i bhfoirm shoiléir intuigthe, le meiteashonraí tacaíochta agus i bhfoirm a éascaíonn léirmhíniú ceart agus cumarsáid fhiúntach.

Ba cheart spriocanna agus bonnlíne a bheith ag gabháil le gach táscaire.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

- 1.5.1. *An ceanglas/na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena náirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Fógraíodh an togra maidir leis an nós imeachta víosaí a dhigitiú i dteachtaireacht 2018 ón gCoimisiún maidir leis an mBeartas Víosaí. Sa Chomhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann a mhol an Coimisiún an 23 Meán Fómhair 2020, leagadh síos mar chuspóir go ndéanfaí digitiú iomlán ar an nós imeachta maidir le víosaí faoi 2025, le víosa digiteach agus leis an gcumas iarratais ar víosaí a thíolacadh ar líne.

Tar éis do na comhreachtóirí reachtaíocht a ghlacadh (ag deireadh 2023 ar a dhéanaí), d'fhéadfaí tús a chur leis an bhforbairt ar Chórais Mhórscaála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Oibríochtúil agus mhairfeadh sé dhá bhliain (2024-2025). Bheadh an fhorbairt sin ag brath ar cheachtanna a foghlaimíodh ó fhorbairt ardán fhréamhshamhail ag eu-LISA in 2020-2021.

Idir an dá linn, dhéanfaidh na Ballstáit na hinfheistíochtaí ba ghá chun nascadh le hardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí agus chun an víosa dhigiteach a chur chun feidhme agus a bheith réidh le haghaidh tús 2026 nuair a d'fhéadfadh an t-ardán maidir le hiarratais ar víosaí dul beo. I gcás na mBallstát sin a roghnódh gan úsáid a bhaint as ardán an Aontais maidir le hiarratais ar Víosaí amhail ó thús 2026, bheadh dhá bhliain fós acu chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh, chun deireadh a chur de réir a chéile lena dtairseach náisiúnta agus leas a bhaint as ardán aonair an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí dá gcuid iarratas.

In 2026, bheadh ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí agus an víosa dhigiteach ar marthain ag an am céanna. Tar éis dheireadh na hidirthréimhse (deireadh 2028), chuirfí na hiarratais uile ar víosaí isteach ar líne trí ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí (ach amháin roinnt cásanna eisceachtúla ina bhféadfaí nós imeachta páipéir a úsáid).

Nuair a chuirfear tús leis na hoibríochtaí, beidh ar eu-LISA ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a nuashonrú go rialta agus é a chothabháil agus beidh ar na Ballstáit an rud céanna a dhéanamh le haghaidh a gcomhpháirteanna náisiúnta a bhaineann leis an ardán.

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal na hEorpa (ex-ante)

Ós rud é go ndéantar comhchuíbhíú ar nós imeachta víosaí Schengen ar leibhéal an Aontais agus go ndéantar é a rialáil go mion sa Chód Víosaí, sa Rialachán VIS agus san fhormáid aonfhoirmeach don Rialachán maidir le víosaí, tá dlúthbhaint ag na heasnamh a saináithníodh i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana. Ní dóigh go mbeidh deireadh leis na fadhbanna aitheanta go luath agus baineann siad go díreach leis na forálacha dlíthiúla reatha. Maidir leis an dá ghné den tionscnamh (nós imeachta maidir le hiarratais ar víosaí agus formáid na víosa) de bharr scála, éifeachtaí agus thionchar na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, ní féidir gníomhú chun na fadhbanna sin a réiteach ach go héifeachtúil agus go córasach ar leibhéal an Aontais. Dá leanfaí leis an staid reatha, nuair a fhorbraíonn na Ballstáit a n-uirlisí digiteacha féin nó nach bhforbraíonn siad, ní réiteofaí na fadhbanna a saináithníodh ach i bpáirt. Is le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais amháin a ghinfí breisluch níos mó.

An breisluch ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (ex post). Trí éascú a dhéanamh ar an iarratas ar víosa a dhéanann náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceanglas víosa orthu trí ardán aonair an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí, a mbeidh nósanna imeachta iarratais níos saoire agus níos éasca ag gabháil leis, laghdóidh an togra an costas iarratais ar iarratasóirí ar víosaí faoi EUR 31 ar an meán in aghaidh an iarratasóra (as EUR 74). Spreagfaidh sé sin méadú ar thaisteal chuig an Aontas i gcomparáid leis an gcás nach ngníomhódh an tAontas. Cruthóidh sé sin méadú 53.5 billiún sa tréimhse 2025-2029 ar ranníocaíocht OTI na dtaistealaithe a bhfuil ceanglas víosa orthu. Trí ardán iarratais aonair an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a chruthú a bheadh in úsáid ag na Ballstáit uile d'fhéadfaí coigilteas a dhéanamh maidir le fiosruithe ó iarratasóirí ar víosaí agus maidir le bainistiú iarratas páipéarbhunaithe. D'fhágfadh tabhairt isteach víosa dhigitigh go mbeadh coigilteas ann freisin maidir le greamáin víosa de pháipéar a bhainistiú. D'fhágfadh an dá athrú sin go mbeadh coigiltis de EUR 553 milliún do na Ballstáit uile sa tréimhse 2025-2029, rud nach bhféadfaí a bhaint amach ach de bharr idirghabháil an Aontais. Trí phointe iontrála aonair a chruthú d'iarratais ar víosaí, léireofar íomhá aonchineálach den Aontas i dtreo an domhain lasmuigh.

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tugtar le tuiscint leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó thabhairt isteach an Chórais Faisnéise Víosaí agus ó chórais mhóra TF eile go dtógfaidh sé níos faide, tríd is tríd, mórchóras nua TF a thabhairt isteach ná mar a bhíodhas ag súil leis agus nach mór do na Ballstáit leas a bhaint as an tacaíocht a thugann an tAontas Eorpach chun a n-infheistíochtaí náisiúnta a mhaoiniú. Is amhlaidh a bheidh i gcás na hIonstraime um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí

(BMVI) 2021-2027 ar sainaitníodh go soiléir gur tosaíocht iad na nósanna imeachta maidir le víosaí a dhigitiú.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá na hinfheistíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát comhoiriúnach le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 le húsáid BMVI chun na hinfheistíochtaí sin a mhaoiniú.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Ní dhearnadh na leithreasuithe a theastaíonn chun ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a fhorbairt ag eu-LISA (EUR 69.325 milliún) a phleanáil faoi leithdháileadh CAI eu-LISA, ós rud é gur togra nua é seo nach raibh na méideanna ar eolas ina leith tráth an togra. Tá sé beartaithe buiséad eu-LISA a threisiú do na méideanna is gá in 2023, 2024, 2025, 2026 agus 2027 trí leithreasuithe a aistriú ó shaoráidí téamacha comhfhreagracha an Bheartais um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI).

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

✓ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh/forbartha ó 2024 go 2025,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán in é ó 2026.

1.7. Modh(anna) bainistíochta atá beartaithe⁷³

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

✓ Bainistíocht comhroinnte leis na Ballstáit

✓ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:


- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ✓ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- comhlachtaí dlí poiblí;
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Táthar ag súil go mairfidh an chéim forbartha d'ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí dhá bhliain ar lena linn a dhéanfaidh eu-LISA an t-ardán a fhorbairt. Beidh ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí ag feidhmiú ón gcéad Eanáir 2026 ar aghaidh.

⁷³

Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>



2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht agus coinníollacha.

Bainistíocht chomhroinnte:

Bunóidh gach Ballstát córais bhainistithe agus rialaithe dá chlár agus áiritheoidh sé cáilíocht agus iontaofacht an chórais faireacháin agus na sonraí faoi tháscairí, i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC). Cuirfidh na Ballstáit pacáiste dearbhaithe ar aghaidh gach bliain, ina mbeidh na cuntais bhliantúla, an dearbhú bainistíochta agus tuairimí an údaráis iniúchóireachta maidir leis na cuntais, an córas bainistithe agus rialaithe agus dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais arna dhearbú sna cuntais bhliantúla. Bainfidh an Coimisiún úsáid as an bpacáiste dearbhaithe sin chun an méid is inmhuirir i leith an Chiste don bhliain chuntasaíochta a chinneadh. Eagrófar cruinniú athbhreithnithe idir an Coimisiún agus gach Ballstát gach re bliain chun feidhmíocht gach cláir a scrúdú. 6 huairé in aghaidh na bliana, cuirfidh na Ballstáit sonraí ar aghaidh maidir le gach clár, arna miondealú de réir cuspóirí sonracha. Bainfidh na sonraí sin le costas na n-oibríochtaí agus le luachanna na dtáscairí coiteanna aschuir agus toraidh.

Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht ar aghaidh, ina leagfar amach faisnéis faoin dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an chláir agus gnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna. Ina theannta sin, tráchtfar sa tuarascáil ar aon saincheisteanna a imríonn tionchar ar fheidhmíocht an chláir agus tabharfar tuairisc ar na bearta arna ndéanamh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

Ag deireadh na tréimhse, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht isteach. Ba cheart an tuarascáil deiridh a bheith dírithe ar an dul chun cinn arna dhéanamh i dtaca le gnóthú chuspóirí an chláir agus ba cheart forléargas a bheith ann ar na príomh-shaincheisteanna a rinne difear d'fheidhmíocht na tíre, ar na bearta arna ndéanamh chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin agus ar an measúnú ar éifeachtacht na mbeart sin. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfí i láthair inti rannchuidiú an chláir maidir le dul i ngleic leis an dúshlán arna sainaithe sna moltaí ábhartha ón Aontas don Bhallstát, an dul chun cinn i dtaca le gnóthú na spriocanna a leagtar amach sa chreat feidhmíochta, torthaí na meastóireachtaí ábhartha agus na bearta leantacha arna ndéanamh maidir leis na torthaí sin agus torthaí na ngníomhaíochtaí cumarsáide.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht mheántearma agus meastóireacht shiarghabhálach ar na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gCiste seo, i gcomhréir le Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Ba cheart an mheastóireacht mheántearma a bheith bunaithe go háirithe ar an meastóireacht mheántearma ar chláir arna cur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit faoin 31 Nollaig 2024.

Bainistíocht indíreach

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar an togra de réir na bprionsabal a leagtar amach i Rialachán eu-LISA, sa Rialachán Airgeadais agus i gcomhréir leis an gCur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí dlíraithe. Ní mór do eu-LISA, go háirithe, doiciméad clársceidealaithe aonair a chur chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle gach bliain, ina mbeidh cláir oibre ilbhliantúla agus cláir oibre bhliantúla agus clársceidealú acmhainní. Leagtar amach sa Doiciméad na cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta chun faireachán

a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí agus na dtorthaí. Ní mór do eu-LISA Tuarascáil Chomhdhlúite ar Gníomhaíochtaí Bliantúla a chur faoi bhráid an bhoird bainistíochta freisin. Go háirithe, áirítear faisnéis leis an tuarascáil sin ar ghnóthachtáil na gcuspóirí agus na dtorthaí a leagtar amach sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair. Ní mór an tuarascáil sin a sheoladh chuig an gCoimisiún, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chomh maith.

Thairis sin, mar a leagtar amach in Airteagal 39 de Rialachán eu-LISA, faoin 12 Nollaig 2023, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, tar éis dul i gcomhairle leis an mbord bainistíochta, i gcomhréir le treoirlínte an Choimisiúin, ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i ndáil lena cuspóirí, a sainordú, a láithreacha agus a cúraimí. Áireofar sa mheastóireacht sin freisin scrúdú ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar an tslí a gcuireann an Gníomhaireacht go héifeachtach le bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF agus le timpeallacht TF atá comhordaithe, costéifeachtach agus comhleanúnach a bhunú ar leibhéal an Aontais sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus ar a mhéid a dhéantar amhlaidh. Sa mheastóireacht sin, déanfar, go háirithe, measúnú maidir leis an riachtanas a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú agus leis na himpleachtaí airgeadais a bheadh le haon mhodhnú den sórt sin. Féadfaidh an Bord Bainistíochta moltaí a eisiúint don Choimisiún maidir le leasuithe ar an Rialachán seo.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Bainistíocht chomhroinnte

I gcomhréir leis an rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, déanfar an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do bhainistiú teorainneacha agus do víosaí a bhainistiú faoi rialacha RFC (Rialachán na bhForálacha Coiteanna).

I gcás bainistíocht chomhroinnte, tá RFC ag tógáil ar an straitéis bainistithe agus rialaithe atá i bhfeidhm do chlárthréimhse 2014-2020, ach tabharfar isteach bearta áirithe freisin a mbeidh sé mar aidhm leo an cur chun feidhme a shimpliú agus an t-ualach rialaithe a laghdú ar leibhéal na dtairbhíthe agus na mBallstát araon.

Ar na cúinsí nua áirítear an méid seo a leanas:

- deireadh leis an nós imeachta ainmniúcháin (ba cheart go mbeifí in ann dlús a chur le cur chun feidhme na gclár mar gheall air)

- fíoruithe bainistíochta (fíoruithe riaracháin agus fíoruithe ar an láthair) a bheidh le déanamh ag an údarás bainistíochta ar bhonn riosca (i gcomparáid leis na rialuithe riaracháin 100 % a cheanglaítear le haghaidh na clárthréimhse 2014-2020). Thairis sin, faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na húdaráis bhainistíochta socrúithe rialaithe comhréireacha a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta.

- coinníollacha faoinar féidir an iliomad iniúchtaí ar an oibríocht/caiteachas céanna a sheachaint

Cuirfidh na húdaráis chláir éilimh eatramhacha ar íocaíochtaí chuig an gCoimisiún bunaithe ar an gcaiteachas a thabhóidh na tairbhíthe. Faoi thogra RFC, beidh na húdaráis bhainistíochta in ann fíoruithe bainistíochta a dhéanamh ar bhonn riosca agus foráiltear ann freisin maidir le rialuithe sonracha (e.g. rialuithe ar an láthair ag an údarás bainistíochta agus iniúchtaí ar oibríochtaí/chaiteachas ag an údarás iniúcháireachta) tar éis an caiteachas lena mbaineann a bheith dearbhaithe don Choimisiún sna héilimh eatramhacha ar íocaíochtaí. D'fhonn an riosca atá ann go n-aisíocfaí caiteachas neamh-incháilithe a mhaolú, leagtar síos le RFC go ndéanfar uasteorainn 90 % a chur le híocaíochtaí eatramhacha an Choimisiúin, i bhfianaise nach bhfuil déanta go fóill ach cuid de na rialuithe náisiúnta. Íocfaidh an Coimisiún an fuilleach tar éis an chleachtas bhliantúil lena n-imréitítear na cuntais, nuair a gheobhaidh sé an pacáiste dearbhaithe ó údaráis an chláir. Féadfar glanheartúchán airgeadais teacht as aon neamhrialtacht a bhraithfidh an Coimisiún nó Cúirt Iniúcháirí na hEorpa tar éis tharchur an phacáiste dearbhaithe bhliantúil.

Bainistíocht indíreach

Cuirfear cuid den togra chun feidhme trí bhuiséad eu-LISA trí bhainistíocht indíreach.

De bhun phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, cuirfear buiséad eu-LISA chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach éifeachtúil. Dá bhrí sin, tá sé de cheangal ar eu-LISA straitéis rialaithe iomchuí a chur chun feidhme a bheidh comhordaithe i measc na ngníomhaithe iomchuí a bhfuil baint acu leis an slabhra rialaithe.

Maidir le rialuithe ex post, tá eu-LISA, ina cháil mar ghníomhaireacht dhíláraithe, faoi réir na nithe seo a leanas go háirithe:

- iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúcháireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin;
- tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúcháirí, lena dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo;
- urscaoileadh bliantúil a dheonaíonn Parlaimint na hEorpa;
- imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí.

Ina cáil mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta le eu-LISA, cuirfidh AS HOME a Straitéis Rialaithe maidir le gníomhaireachtaí díláraithe chun feidhme chun tuairisciú iontaofa a áirithiú faoi chuimsiú a Tuarascála Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (AAR). Cé go bhfuil gníomhaireachtaí díláraithe iomlán freagrach as a mbuiséad a chur chun feidhme, tá AS HOME freagrach as ranníocaíochtaí bliantúla arna mbunú ag an Údarás Buiséadach a íoc go tráthrialta.

Ar deireadh, cuireann an tOmbudsman Eorpach sraith bhreise rialaithe agus cuntasachta ar fáil maidir le eu-LISA.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Níor aithníodh aon rioscaí sonracha ag an gcéim seo.

Faoi bhainistíocht chomhroinnte, na rioscaí ginearálta maidir le cur chun feidhme na gclár atá ann faoi láthair, baineann siad le cur chun feidhme easnamhach an Chiste ag

na Ballstáit agus le hearráidí ab fhéidir a bheith ann de dheasca a chasta atá na rialacha agus de dheasca laigí sna córais bhainistithe agus rialaithe. Simpleoidh dréacht RFC an creat rialála trí na rialacha agus na córais bhainistithe agus rialaithe a chomhchuihiú i gcás na gCistí éagsúla a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Simplítear leis na ceanglais rialaithe (e.g. fíoruithe bainistíochta bunaithe ar riosca, an deis socrúithe rialaithe comhréireacha a bheith ann bunaithe ar nósanna imeachta náisiúnta, teorainneacha le hobair iniúcháireachta ó thaobh uainiú de agus/nó oibríochtaí sonracha).

I gcás an bhuiséid arna chur chun feidhme ag eu-LISA, tá gá le Creat Rialaithe Inmheánaigh ar leith atá bunaithe ar Chreat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ní mór faisnéis a sholáthar sa Doiciméad Clársceidealaithe Aonair maidir leis na córais rialaithe inmheánaigh, agus ní mór faisnéis a bheith sa Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí (CAAR) maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear maidir le measúnú riosca. Tuairiscítear i dTuarascáil Chomhdhlúite Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2019 go bhfuil urrús réasúnta ag bainistíocht na Gníomhaireachta go bhfuil rialuithe inmheánacha iomchuí i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag feidhmiú de réir mar a bhí beartaithe. Le linn na bliana, rinneadh na rioscaí móra a shainaithint agus a bhainistiú mar is iomchuí. Déantar an t-urrús sin a dheimhniú tuilleadh le torthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha a rinneadh.

Cuireann Cumas Iniúcháireachta Inmheánaí eu-LISA leibhéal breise maoirseacht ar fáil freisin, ar bhonn plean iniúcháireachta bliantúil agus measúnú rioscaí in eu-LISA á chur san áireamh go háirithe. Cuidíonn an Cumas Iniúcháireachta Inmheánaigh le eu-LISA a chuspóirí a ghnóthú trí chur chuige córasach a bhfuil an-smacht ag baint leis a thabhairt isteach chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais, agus trí mholtaí a eisiúint maidir lena bhfeabhsú.

Thairis sin, déanann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus oifigeach cosanta sonraí eu-LISA (feidhm neamhspleách a ghabhann go díreach le Rúnaíocht an Bhoird Bainistíochta) maoirseacht ar an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann eu-LISA.

Ina cháil mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta eu-LISA, réachtálann AS HOME cleachtadh bliantúil i ndáil le bainistíocht riosca chun rioscaí arda a shainaithint agus a mheasúnú, rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le hoibríochtaí gníomhaireachtaí, lena n-áirítear eu-LISA. Tuairiscítear na rioscaí a mheastar a bheith criticiúil go bliantúil i bplean bainistíochta AS HOME agus bíonn plean gníomhaíochta ag gabháil leo ina luaitear an ghníomhaíocht mhaolaithe.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

I gcás na coda a bhaineann le bainistíocht chomhroinnte, táthar ag súil go bhfanfaidh costas na rialuithe mar an gcéanna nó go bhféadfaí é a laghdú do na Ballstáit. I dtaca leis an gclárthréimhse atá ann faoi láthair 2014-2020, amhail ó 2017, meastar gurb é a bheidh sa chostas carnach a bheidh ar an rialú ag na Ballstáit 5 % de mhéid iomlán na n-íocaíochtaí arna n-iarraidh ag na Ballstáit don bhliain 2017.

Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an gcéatadán sin a bhuí le gnóthachain éifeachtúlachta maidir le cur chun feidhme na gclár agus méadú ar na híocaíochtaí leis na Ballstáit.

De thoradh an chur chuige rioscabhunaithe maidir le bainistiú agus rialú atá á thabhairt isteach le dréacht-RFC, maille leis an iarracht threisithe roghanna costais simplithe a ghlacadh, meastar go laghdófar costas na rialuithe a thuilleadh i gcás na mBallstáit.

I gcás eu-LISA, tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas idir ‘costais rialaithe/luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’. Tuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí (AAR) e haghaidh 2020 ó AS HOME cóimheas 0.21 % i ndáil le hEintitis Iontaobhaithe Bainistíochta Indírí agus Gníomhaireachtaí Díláraithe, lena n-áirítear eu-LISA.

Dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa dlíthiúlacht agus rialtacht chuntais bhliantúla eu-LISA le haghaidh 2019, rud a thugann le tuiscint go bhfuil ráta earráide faoi bhun 2 % ann. Ní thugann aon ní le fios go n-éireoidh an ráta earráide sin níos measa sna blianta amach romhainn.

Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 80 de Rialachán Airgeadais eu-LISA go bhféadfaidh an ghníomhaireacht cumas iniúchóireachta inmheánach a chomhroinnt le comhlachtaí eile de chuid an Aontais atá ag feidhmiú sa réimse beartais céanna mura mbeidh an cumas iniúchóireachta inmheánach atá ag comhlacht aonair de chuid an Aontais costéifeachtach.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchhalaoise.

Leanfaidh AS HOME ar aghaidh ag cur a Straitéis Frith-Chalaoise i bhfeidhm i gcomhréir le Straitéis Frith-Chalaoise an Choimisiúin (SFCC) chun a áirithiú inter alia go mbeidh a rialuithe inmheánacha frithchhalaoise ailínithe go hiomlán le SFCC agus go mbeidh a chur chuige bainistíochta riosca calaoise dírithe ar limistéir riosca calaoise agus freagairtí leordhóthanacha a aithint.

Maidir leis an mbainistíocht chomhroinnte, áiritheoidh na Ballstáit dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais atá ar áireamh sna cuntais a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú. Agus mar atá i gcás na clárthréimhse atá ann faoi láthair 2014-2020 tá sé d’oibleagáid ar na Ballstáit nósanna imeachta a chur ar bun chun neamhrialtachtaí a bhrath agus maidir leis an bhfrithchhalaois mar aon leis an Rialachán Tarmligthe sonracha ón gCoimisiún maidir le neamhrialtachtaí a thuairisciú. Leanfaidh bearta frithchhalaoise de bheith ina prionsabal ginearálta agus ina n-oibleagáid ar na Ballstáit.

I dtaca le bainistiú indíreach, leagtar amach, inter alia, na bearta a bhaineann le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chomhrac in Airteagal 50 de Rialachán eu-LISA agus faoi Theideal X de Rialachán Airgeadais eu-LISA.

Glacfaidh eu-LISA páirt go háirithe i ngníomhaíochtaí coisctheacha i ndáil le calaois ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi chásanna ina dtoimhdítear calaois agus neamhrialtachtaí airgeadais eile – i gcomhréir lena straitéis inmheánach frith-chalaoise.

Thairis sin, mar Ard-Stiúrthóireacht comhpháirtíochta, tá AS um Imirce agus Gnóthaí Baile tar éis a straitéis frith-chalaoise féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhonn na modheolaíochta arna soláthar ag OLAF. Tagann gníomhaireachtaí díláraithe, agus eu-LISA san áireamh, faoi raon feidhme na straitéise. Ba é tatal AS HOME 2020 AAR gur oibrigh na próisis chun calaois a chosc agus a bhrath go sásúil agus gur rannchuidigh siad, dá bhrí sin, leis an gcinnteacht maidir leis na cuspóirí rialaithe inmheánaigh a bhaint amach.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne/na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al creat airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Rannfócaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁷⁴	ó thíortha de chuid CSTE ⁷⁵	ó thíortha is iarrthóirí ⁷⁶	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
4	11.1002 – An Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtaí a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)	Difreáilte	NÍL	NÍL	IS EA	NÍL
4	11.02.01 – ‘Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí’	Difreáilte	NÍL	NÍL	IS EA	NÍL
4	11.01.01 – Caiteachas tacaíochta le haghaidh ‘Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IBMF) – Ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais don Bheartas um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí (BMVI)’	Neamhdhif.	NÍL	NÍL	IS EA	NÍL

- Línte nua buiséid atá á niarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil:	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Rannfócaíocht			
	Uimhir	LD/LN.	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[XX.BB.BB.BB]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

⁷⁴ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁷⁵ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁷⁶ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	4	Imirce agus teorainneacha
--	---	---------------------------

AS: GNÓTHAÍ BAILE			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁ N
•Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
11.10.02 – An Ghníomhaireacht Eorpach chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)	Gealltanais	(1a)	19.945	22.825	12.800	12.800	68.370
	Íocaíochtaí	(2a)	19.945	22.825	12.800	12.800	68.370
11.02.01 – ‘Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosai’	Gealltanais	(1b)	33.400	50.958	14.100	14.100	112.558
	Íocaíochtaí	(2b)	19.661	34.260	12.420	12.292	78.633
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS GNÓTHAÍ BAILE	Gealltanais	=1d+1b +3	53.345	73.783	26.900	26.900	180.928
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	39.606	57.085	25.220	25.092	147.003

•IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	53.345	73.783	26.900	26.900	180.928
	Íocaíochtaí	(5)	39.606	57.085	25.220	25.092	147.003

•IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrath		(6)					
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	53.345	73.783	26.900	26.900	180.928
	Íocaíochtaí	=5+ 6	39.606	57.085	25.220	25.092	147.003

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceanteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís:

•IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceanteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	53.345	73.783	26.900	26.900	180.928
	Íocaíochtaí	(5)	39.606	57.085	25.220	25.092	147.003
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath (gach ceanteideal oibríochta)		(6)					
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	53.345	73.783	26.900	26.900	180.928
	Íocaíochtaí	=5+ 6	39.606	57.085	25.220	25.092	147.003

Ceanteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
---	----------	-------------------------

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le cur isteach ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
AS: <.....>								
•Acmhainní daonna								
•Caiteachas riaracháin eile								
IOMLÁN ARD-STIÚRTHÓIREACHTA <....>	Leithreasuithe							

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)							
--	---	--	--	--	--	--	--	--

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN N
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	53.345	73.783	26.900	26.900	180.928
	Íocaíochtaí	39.606	57.085	25.220	25.092	147.003

eu-LISA miondealú ar chaiteachas de réir teidil

eu-LISA

	Leithreasuithe	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Teideal 1: Caiteachas foirne	CA	0.520	1.040	1.040	1.125	3.725
	PA	0.520	1.040	1.040	1.125	3.725
Teideal 2: Caiteachas bonneagair agus oibríocháin	CA			11.760	11.675	23.435
	PA	-	-	11.760	11.675	23.435
Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil	CA	19.425	21.785			41.210
	PA	19.425	21.785	-	-	41.210
IOMLÁN	CA	19.945	22.825	12.800	12.800	68.370
	PA	19.945	22.825	12.800	12.800	68.370

Cumhdóidh an caiteachas sin na costais a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a fhorbairt agus a chothabháil,
- 5 x ghníomhaire sealadach (AD) agus 5 x ghníomhaire ar conradh a earcú sa bhreis chun ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a fhorbairt agus a chothabháil ó 2023 ar aghaidh.

3.2.2. An t-*aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓				Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		IOMLÁN	
	Céim	Cineál	Meánchostas	Uimhir	Costas	Uimhir	Costas	Uimhir	Costas	Uimhir	Costas	Uimhir	Costas
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 1 Ardán an Aontais d'iarratais ar víosaí (bunú agus cothabháil)													
- Aschur	Cur ar bun tosaigh	Dearadh			6,562		1,666						8,228
- Aschur		Forbairt			3,108		4,736						7,844
- Aschur		Tástáil			1,252		5,087						6,339
- Aschur		Cur in úsáid			-		2,193						2,193
- Aschur		Crua-earraí & bonneagar			7,447		7,564						15,011
- Aschur		oiriúnuithe vis - imirce tosaigh			0,146		0,148						0,294
- Aschur		oiriúnuithe vis - sioncrónú			0,130		0,132						0,261
- Aschur		oiriúnuithe vis- cru-earraí & bonneagar			1,300		1,300						2,600
- Aschur		<i>Lánpháirtíú agus oiriúnú + earraí cru-earraí agus bonneagar</i>			33,400		50,100						83,500

		(na Ballstáit)											
- Aschur		Oiliúint (na Ballstáit)				0,858						0,858	
- Aschur	Cothabháil	costais athfhillteacha – deasc chabhrach ardán an fheidhmchláir dhigitigh, deisithe ad hoc,						7,031		6,992		14,023	
- Aschur		costais athfhillteacha – cruaearraí & bonneagar						3,266		3,287		6,553	
		costais athfhillteacha – ceadúnais							2,504		2,520		5,024
- Aschur		costais chothabhála agus oibríochta (na Ballstáit)							14,100		14,100		28,200
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1					53,345			73,783		26,900		180,928	
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 2: Líon na víosaí digiteacha a eisíodh (i milliún)													
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 2			16,10	-	18,10	-	18,10	-	18,10	-	70,40	-	
IOMLÁN chuspóirí 1 go 2			neamhbhainteach	53,345	neamhbhainteach	73,783	neamhbhainteach	26,900	neamhbhainteach	26,900	neamhbhainteach	180,928	

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin - DG HOME*

- Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ⁷⁷	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	------------------------	------------	------------	------------	---	--------

CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas riaracháin eile							
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁷⁸ den chreat airgeadais ilbhliantúil							
Acmhainní daonna							
Caiteachas eile de chineál riaracháin							
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil							

IOMLÁN							
---------------	--	--	--	--	--	--	--

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁷⁷ Is í bliain N an bhliain a chuirfeadh tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Cuir isteach an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann in ionad 'N' (mar shampla: 2021 Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

⁷⁸ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínite 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.4. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin - eu-LISA*

- Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
--	----------------	----------------	----------------	----------------	--------

eu-LISA					
Acmhainní daonna	0.520	1.040	1.040	1.125	3.725
Caiteachas riaracháin eile					
IOMLÁN	0.520	1.040	1.040	1.125	3.725

3.2.4.1. Riachtanais mheasta acmhainní daonna – AS HOME

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)
•Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)					
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)					
01 01 01 01 (Taighde indéreach)					
01 01 01 11 (Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
•Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)⁷⁹					
20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)					
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)					
XX 01 xx yy zz ⁸⁰	- sa cheanncheathrú				
	- i dtoscaireachtaí				
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indéreach)					
01 01 01 12 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
IOMLÁN					

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséidacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

⁷⁹ AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

⁸⁰ Fo-uasteorainn d’fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte ‘BA’).

3.2.4.2. Riachtanais mheasta acmhainní daonna – **AS HOME**

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

eu-LISA	2024	2025	2026		2027
Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
AD	5	5	5	5	5
Pearsanra seachtrach					
CA	3	3	3	5	5
IOMLÁN eu-LISA	8	8	8	10	10

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

CÉIM AN CHUR CHUN FEIDHME (2024, 2025)

Beidh gá le 6 FTE (4 TA, 2 CA) chun sirtheoireacht a ullmhú maidir le sonraíochtaí/riachtanais agus tascanna anailíse agus deartha i gcomhar leis na conraitheoirí, a thugann le chéile saineolas san Ailtireacht TF, Tástáil, Slándáil agus Cosaint Sonraí,

Bainistíocht Tionscadal agus Clár agus Bainistíocht Caidrimh Ghnó. Cé go dtagann próifíl an Úinéir Táirge i gcomharbas ar phróifíl an Bhainisteora Tionscadail (PM) tar éis Dul isteach in Oibríochtaí, ní mór cuid níos lú den leithdháileadh próifíle PM a choinneáil tar éis dul i mbun oibríochtaí, den chuid is mó le haghaidh éabhlóidí táirge, tionscadail chothabhála oiriúnaitheach agus scaoileadh.

Le linn na céime cur chun feidhme, beidh gá le 2 FTE (1 TA, 1 CA) ina mbeidh próifíle teicniúla éagsúla chun comhchuibhiú agus leabú an réitigh san ailtireacht don bhonneagar agus don líonra, sna chomhpháirteanna agus sna caighdeáin atá ann cheana a áirithiú. Dá bhrí sin, breithníodh próifíle don Bhonneagar, don Líonra, do Sheirbhísí Bainistíochta Lárionad Sonraí agus don Bhainistíú Táirgí/Seirbhísí. Ina theannta sin, ní mór iarracht ar sheirbhísí idirdhisciplíneacha (soláthar, airgeadas agus acmhainní daonna) a chur san áireamh sna meastacháin don chéim chur chun feidhme.

CÉIM OIBRÍOCHTA (2026, 2027)

Tar éis dul i mbun oibríochtaí, tá gá le 10 FTE (5 TA, 5 CA) chun a áirithiú go mbeidh na seirbhísí a chuirtear ar fáil do na Ballstáit ar ardchaighdeán trí bhainistíocht oibríochtúil láidir agus ar ardcháilíocht 24/7. Chun leanúnachas ard a chinntiú, leanfaidh formhór na bpróifíle teicniúla a úsáidfear le linn chéim an chur chun feidhme de bheith ag obair ar an táirge. San iomlán, beidh gá le hacmhainní le haghaidh tacaíocht ar leibhéal 1 agus 2, Bainistíocht Slándála, Leanúnachas Gnó agus Cosaint Sonraí, Bainistíú Tástála & Idirthréimhse, Bonneagar, Bainistíocht Líonra & Lárionad Sonraí, Seirbhísí Úinéirí Táirgí/Seirbhísí chomh maith le hAiltireacht TF, Tacaíocht Tionscadail agus Bainistíocht Gnó agus Caidrimh. Baineann na cúraimí a bheidh le déanamh le bainistíú an ardáin, an bhonneagair, an ghréasáin,

na slándála etc. le linn oibríochtaí laethúla ach freisin le linn bhainistiú éabhlóidí teicniúla a eascraíonn as cothabháil cheartaitheach agus oiriúnaitheach.

3.2.5. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Ós rud é nach bhfuil na leithreasuithe is gá chun ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a fhorbairt (2024/2025) agus na costais athfhillteacha (amhail ó 2026) beartaithe faoi bhuiséad eu-LISA, cuirfear an maoiniú is gá chun ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí a fhorbairt agus a chothabháil (EUR 68.370 milliún faoi CAI 2021-2027) ar fáil trí fhritháireamh ceartúcháin i gcoinne BMVI (11.02.01 – ‘Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Viosaí’) le haghaidh na méideanna comhfhreagracha:

Appropriations	2024	2025	2026	2027	Total
CA=PA	19.945	22.825	12.800	12.800	68.370

Is faoi chláir BMVI a mhaoineofar na costais forbartha agus athfhillteacha ar an leibhéal náisiúnta.

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- is gá athbhreithniú ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceanteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.6. Ranníocaíochtaí ó thrú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le thrú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le thrú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an thrú deachúil)

	Bliain N ⁸¹	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

⁸¹ Year N is the year in which implementation of the proposal/initiative starts. Please replace "N" by the expected first year of implementation (for instance: 2021). The same for the following years.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - maidir le hacmhainní dílse
 - maidir le hioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁸²				
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Cuir isteach na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)
Airteagal		p.m.				

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

11.1002 (eu-LISA), 11.0201 (BMVI)

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

Áireofar sa bhuiséad ranníocaíocht ó thíortha atá comhlachaithe le *acquis* Schengen agus na bearta a bhaineann le víosaí a dhigitiú a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt faoi mar a leagtar amach sna comhaontuithe faoi seach. Beidh na meastacháin bunaithe ar ríomhanna i ndáil le hioncam do chur chun feidhme *acquis* Schengen ó na Stáit (an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis) a ranníocann suim bhliantúil don bhliain airgeadais ábhartha faoi láthair le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (íocaíochtaí atá caite), arna ríomh i gcomhréir lena holltáirgeacht intíre mar chéatadán d'olltáirgeacht intíre na Stát rannpháirteach uile. Beidh an ríomh bunaithe ar fhigiúirí ó EUROSTAT atá faoi réir éagsúlacht shuntasach ag brath ar staid eacnamaíoch na Stát rannpháirteach.

⁸²

A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 20 % de na costais bhailiúcháin a bhaint astu.